



# Ag Breathnú ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach

Múineadh agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna

FEABHAS NA FOGHLAMA Á CHUR CHUN CINN

# Ag Breathnú ar an nGaeilge sa tSraith Shóisearach

Múineadh agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna



FEABHAS NA FOGHLAMA Á CHUR CHUN CINN

Ba mhian le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta buíochas a ghlacadh leis na scoileanna seo a leanas as cead a thabhairt dúinn grianghraif a úsáid:

Coláiste Pobail Chloich na Coillte, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí  
Pobalcholáiste Scoil Mhuire, Scoil Mhuire, Contae Chorcaí  
Pobalscoil Naomh Marcus, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24  
Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath  
Scoil Ghramadaí Dhroichead na Banndan, Droichead na Banndan, Contae Chorcaí

© 2007 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
ISBN-0-0000-0000-X

Deartha ag [www.slickfish.ie](http://www.slickfish.ie)  
Clóbhuailte ag Brunswick Press, Baile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag  
An tAonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde  
An Chigireacht  
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1

Le ceannach díreach ó  
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais  
Teach Sun Alliance  
Sráid an Mhóta  
Baile Átha Cliath 2

nó trína ordú tríd an bpost ó  
Foilseacháin Rialtais  
Rannán Post-Tráchtá  
Aonad 20  
Páirc Miondíola Cois Lochá  
Clár Chlainne Mhuiris  
Co Mhaigh Eo

€10.00

## Clár

	Brollach	iii
1.	Réamhrá	1
2.	Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile	5
3.	Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin	17
4.	Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama	29
5.	Cáilíocht an mheasúnaithe	45
6.	Achoimre ar na príomhchinntí agus na príomh-mholtaí	53
	Aguisín	71
	Tagairtí	73



## Brollach

Achoimre agus léirmhíniú atá le léamh sa tuarascáil seo ar thuiriscí aonair cigireachta ábhair sa Ghaeilge a bhain leis an tsraith shóisearach i 75 scoil dara leibhéal. Is ionann an líon sin scoileanna agus 10% de mhóriomlán na scoileanna dara leibhéal. Is leis an mbliain scoile 2004-2005 a bhaineann na tuairiscí, tréimhse ama sula raibh tuairiscí ar chigireachtaí ábhair á bhfoilsíú.

Léirítear neart tuairimí moltacha sna tuairiscí cigireachta seo, agus dearbhaítear obair na scoláirí agus na múinteoirí Gaeilge. Díríonn na tuairiscí freisin, áfach, ar ghnéithe de theagasc an ábhair ar gá iad a fheabhsú. Léirigh na cigirí i roinnt tuairiscí a n-ábhar imní go háirithe maidir le cleachtais an teagaisc agus na foghlama. Tá na moltaí a luaitear sa tuarascáil bunaithe ar na hábhair imní a aithnítear. Díríonn mórchuid de na moltaí ar chuidiú le múinteoirí an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

Tá an tuarascáil seo á cur i láthair tráth a bhfuil an pobal ag dul i ngleic le hathruithe suntasacha ar stádas na Gaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus ina bhfuil plé i measc oideachasóirí agus an phobail i gcoitinne ar shaincheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge san oideachas iar-bhunscoile. Tá súil agam go gcuirfidh an Chigireacht freisin leis an bplé poiblí tríd an léiriú anailiseach seo ar dhea-thréithe agus agus ar dhúshláin theagasc na Gaeilge sa tsraith shóisearach a chur ar fáil.



**Gearóid Ó Conluain**  
**Leas-Phríomhchigire**





# Caibidil 1

Réamhrá



## 1.1 Aidhmeanna

Áirítear an méid seo a leanas ar na haidhmeanna a bhaineann leis an tuarascáil seo:

- meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht reatha mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge sa tsraith shóisearach i scoileanna dara leibhéal na tíre, agus an mheastóireacht seo bunaithe ar bhreathnóireacht chleachtas i líon samplach scoileanna
- an dea-chleachtas is fearr a breathnaíodh san obair sin a aithint agus aird a dhíriú air
- comhairle a chur ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le modhanna feabhsaithe a chur chun cinn i dteagasc agus foghlaim na Gaeilge sa tsraith shóisearach

Ba chóir a bheith san airdeall nach bhfuil measúnú ar gnóthachtálacha aonair mar chuid de phróiseas na Cigireachta Ábhair, agus dá réir sin nach ndéantar tagairt dá leithéid sa tuarascáil seo. Díritear aird ar thuairiscí na bpríomhscrúdaitheoirí mar threoir i leith an mheasúnaithe, na gnóthachtála agus na rátaí rannpháirtíochta ag na trí leibhéal i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.

Is leis an tsraith shóisearach amháin a bhaineann an tuarascáil seo, ar mhaithe le díriú ar an siollabas cumarsáideach is túsce a tugadh isteach don Ghaeilge ag an dara leibhéal—siollabas atá i bhfeidhm ón mbliain 1989.

## 1.2 Aicmí agus cineálacha scoile

Sna tuairiscí ar Chigireacht Ábhair a úsáideadh sa taighde seo rinneadh gach iarracht cúram a dhéanamh i roghnú na scoileanna de na haicmí éagsúla scoileanna atá le fáil ag an dara leibhéal.

Aicmí scoile	Meánscoileanna deonacha	39	52%
	Scoileanna Choistí Gairmoideachais	26	35%
	Scoileanna pobail agus cuimsitheacha	10	13%
	<b>Iomlán</b>	<b>75</b>	<b>100%</b>

Cineál scoile - gnéas	Scoileanna comhoideachais	48	64%
	Scoileanna aon ghnéas	27	36%
	<b>Iomlán</b>	<b>75</b>	<b>100%</b>

Cineál scoile - teanga	Scoileanna Béarla	57	76%
	Scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht	12	16%
	Scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht	6	8%
	<b>Iomlán</b>	<b>75</b>	<b>100%</b>

### 1.3 Scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, agus scoileanna ina bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga na scoile

Léirigh an anailís a rinneadh ar na 75 thuairisc chigireachta ábhair go raibh na tuairiscí ar na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge níos dearfaí ná na tuairiscí ar na scoileanna ina raibh an Béarla mar phríomhtheanga na scoile. Bhí léiriú ar leith le fáil air seo nuair a bhí cigirí ag tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama.

Ní mór an difríocht, áfach, a bhí le léamh ar na staitisticí idir na haicmí scoile éagsúla, agus cinneadh dá réir gan plé sa tuarascáil ilchodach seo leis na tuairiscí de réir na haicme scoile a bhí i gceist. Rinneadh tagairtí éagsúla, áfach, i gcaitheamh na tuarascála mar aitheantas ar ghnéithe ar leith a tugadh faoi deara maidir leis na scoileanna a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

### 1.4 Gníomhaíochtaí na cigireachta

Tugadh cuairt ar 320 rang, agus breis is 276 mhúinteoir a bhí i mbun teagasc na Gaeilge le linn na 75 chigireacht ábhair. Eisíodh na tuairiscí go dtí na scoileanna i gcaitheamh na scoilbhliana 2004/05. Cód cleachtais comónta a bhí á úsáid le linn na gcigireachtaí ábhair sin, mar atá luaite sna treoirleabhair *Treoir don Chigireacht Ábhair ag an Dara Leibhéal* (An Chigireacht, 2004) agus *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* (An Chigireacht, [2002]). Áirítear iad seo a leanas mar chuid de ghníomhaíochtaí na cigireachta:

- réamhchruinniú agus plé leis an bpríomhoide
- réamhchruinniú agus plé leis na múinteoirí Gaeilge
- cáipéisí scoile ar an ábhar a scrúdú
- breathnóireacht ar ranganna Gaeilge sa tsraith shóisearach
- samplaí d'obair na scoláirí a scrúdú
- athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí scoile sna scrúduithe teistiméireachta
- aiseolas a thabhairt do na múinteoirí ina n-aonar agus mar fhoireann
- aiseolas a thabhairt don phríomhoide
- an tuairisc a eisiúint chun na scoile.

Áirítear dearbhú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama mar chuid dhílis d'obair na Cigireachta, agus dá bhrí sin leagtar béim ar leith ar an obair sin i measc na ngníomhaíochtaí a luaitear thuas.

## 1.5 Leagan amach na tuarascála

Tá leagan amach na tuarascála seo mórán mar an gcéanna leis an leagan amach ar thuiriscí Cigireachta Ábhair a scrúdaíonn:

- Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile
- Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin
- Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
- Cáilíocht an mheasúnaithe

Luaitear cinntí agus moltaí leis na réimsí iniúchta sin ag deireadh gach caibidle, agus tá achoimre ar na príomhchinntí agus ar na príomh-mholtaí le fáil i gcaibidil 6. Táthar ag súil go gcuideoidh an chaibidil dheireanach seo, agus an tuarascáil i gcoitinne, le scoileanna ina bpróiseas féin-athbhreithnithe. Beidh an tuarascáil seo mar áis freisin acu siúd uile ar spéis leo teagasc agus foghlaim na Gaeilge a fhorbairt sna scoileanna.



# Caibidil 2

Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile

## 2.1 Dáileadh ama ar an tráthchlár

Rinneadh iniúchadh sna cigireachtaí ábhair ar líon na dtréimhsí a tugadh don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile le linn na trí bliana den tsraith shóisearach. Is é an rud is fearr do scoláirí ná cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine a bheith acu le linn gach ceann de na trí bliana den tsraith shóisearach. Bhí an soláthar seo ar fáil i thart ar an tríú cuid de na scoileanna. Bhí thart ar an tríú cuid eile de scoileanna a chuir ceithre thréimhse ar fáil in aghaidh na seachtaine sa chéad bhliain agus cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine sa dara bliain agus sa tríú bliain.

Ba lú ná seo an soláthar a bhí ar fáil sa tríú trian de scoileanna agus ba é an gnáthnós acu siúd ná ceithre thréimhse in aghaidh na seachtaine a sholáthar le linn gach ceann de trí bliana na sraithe sóisearaigh. Nuair ba léir soláthar teoranta mhol cigirí do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe ar an tráthchlár chun iarracht a dhéanamh tréimhsí breise a chur ar fáil – go háirithe sna ranganna ardleibhéil. Bhí cigirí airdeallach freisin nár mhór riachtanais ama na n-ábhar uile a chur san áireamh le linn a leithéid d’athbhreithniú, ach go ndéanfaí an t-aitheantas cuí a chur ar fáil don Ghaeilge mar chroí-ábhar curaclaim.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Fáil a bheith ag scoláirí ar chúig thréimhse le linn na chéad, dara agus tríú bliana

### Ábhair inmí

- Fáil a bheith ag scoláirí ar cheithre thréimhse nó níos lú ná sin thar gach ceann de trí bliana na sraithe sóisearaigh

## 2.2 An fáil a bhíonn ag scoláirí ar an leibhéal cuí san ábhar

Féadfaidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, agus scrúdú an Teastas Shóisearaigh sa Ghaeilge a roghnú, ag aon cheann de trí leibhéal: bonnleibhéal, gnáthleibhéal agus ardleibhéal. Ba léir tuairiscí an-dearfach ó na cigirí maidir leis na socruithe a bhí i bhfeidhm chun a dheimhniú go mbeadh fáil ag scoláirí ar an leibhéal cuí de réir a gcumas agus a riachtanas féin. Ba é an socrú ba mhó a chinntigh solúbthacht do na scoláirí ná go ndéanfaí na ranganna Gaeilge bliain ar bhliain a chur ar an tráthchlár ag an am céanna, go háirithe sa dara agus sa tríú bliain.

Bhí éagsúlachtaí cleachtas i gcomhdhéanamh na ranganna. Ba é an gnáthnós ná ranganna cumais mheasctha a bheith sa chéad bhliain, agus scrúduithe comónta a eagrú ag deireadh na chéad bhliana chun scoláirí a roghnú do na leibhéil éagsúla san ábhar sa dara agus sa tríú bliain. Rinneadh na ranganna, dá réir seo, a ghrúpáil de réir na leibhéal éagsúil sa teanga (bonnleibhéal, gnáthleibhéal agus ardleibhéal) ó thús na dara bliana.

Thuairisc cigirí i roinnt scoileanna go raibh ranganna ilchumais ag feidhmiú sa chéad agus sa dara bliain, agus gur eagraíodh ranganna de réir na leibhéal cumais éagsúil ó thús na tríú bliana ar aghaidh. I scoileanna eile, leanadh leis na ranganna cumais mheasctha i ngach ceann de na trí bliana. Bhain an socrú seo den chuid ba mhó le scoileanna lán-Ghaeilge nó le scoileanna Gaeltachta, ach ní leis na scoileanna sin amháin a bhain sé.

Fágtar an tsaoirse faoi na scoileanna an socrú is fearr a oireann ina gcás féin a roghnú, ach é a bheith mar aidhm lena gcinneadh go ndéanfaí an t-uasmhéid scoláirí a ullmhú leis an leibhéal is airde, de réir a gcumas, a bhaint amach sa teanga. Mhol na cigirí gurb é an cleachtas foghlama is fearr do scoláirí ná ranganna cumais mheasctha a chur ar bun i roinnt blianta, nó i ngach bliain, den tsraith shóisearach ar mhaithe le tacú le forbairt chumarsáideach na Gaeilge.

Ba é tuairim na gcigirí go gcuirfeadh a leithéid le féinmhúinín na scoláirí i labhairt na teanga.

I líon beag cásanna, rinneadh teagmháil le tuismitheoirí nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an leibhéal cuí do na scoláirí de réir a gcumas, a riachtanas agus a mianta. Thug cigirí aird ar an bhfiúntas a bhain le polasaí scoile ina leith seo a chlárú sa phlean scoile do mhúineadh na Gaeilge.

### Tréithe an dea-chleachtas

- Socruithe a dheimhníonn go mbíonn fáil ag scoláirí ar an ábhar ag an leibhéal (bonnleibhéal, gnáthleibhéal nó ardleibhéal) is fearr a oireann dá riachtanais
- Ranganna cumais mheasctha i roinnt blianta, nó i ngach bliain den tsraith shóisearach chun an t-eispéireas foghlama is fearr a chur ar fáil do scoláirí
- Ranganna sa dara agus sa tríú bliain ar an tráthchlár ag an am céanna chun deis a thabhairt do na scoláirí an leibhéal is fearr a oireann dá gcumais féin a roghnú
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus le scoláirí maidir leis an gcinneadh ar an leibhéal is fearr a oireann do riachtanais na scoláirí

## 2.3 Scoláirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu

Is ábhar éigeantach í an Ghaeilge do scoláirí na sraithe sóisearaigh de réir *Rules and Programme for Secondary Schools* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004). Tá cur síos in Imlitir M10/94 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1994) ar na cúinsi inar féidir le scoláirí díolúine a fháil ón nGaeilge. Go hachomair, deir an imlitir gur féidir le bainistíocht na scoile díolúine a cheadú do scoláire má bhíonn an scoláire tar éis roinnt blianta bunscolaíochta a dhéanamh lasmuigh den Stát nó ma bhíonn deacrachtaí foghlama aitheanta ag an scoláire.

Thuairisc cigirí go raibh brú níos mó á leagan ar iar-bhunscoileanna díolúintí a cheadú ón nGaeilge. Áirítear ar na cúiseanna leis sin: méadú ar líon na ndíolúintí ag leibhéal na bunscoile; éiginnteacht maidir le díolúine ón nGaeilge sa bhunscoil a bheith inghlactha mar bhunús don díolúine ag leibhéal na hiar-bhunscoile; agus líon na scoláirí a bhí ag aistriú ó iar-bhunscoileanna eile mar a raibh díolúine cheana féin acu ón nGaeilge ach gan na díolúintí seo a bheith de réir na bhforálacha in Imlitir M10/94.

Áiríodh 6¼% d'iomlán na scoláirí sna 75 scoil sa tuarascáil ilchodach a raibh díolúine ón nGaeilge acu. Toisc go raibh dhá scoil déag díobh sin sa Ghaeltacht agus go mba scoileanna lán-Ghaeilge iad sé scoil eile—scoileanna ina mbeadh díolúine ón nGaeilge eisceachtúil—méadaíodh céatadán na scoláirí a raibh díolúine ón nGaeilge acu sna scoileanna ina raibh an Béarla mar mheán go dtí 7½%. Is suntasach an líon scoláirí é seo.

Tá na sonraí seo ag teacht leis na treochtaí a léiríonn statistici Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir leis an méadú ar líon na scoláirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu (Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2007). Léiríonn na staitistici seo gur lú méid na scoláirí a ghlac scrúdú na Gaeilge ná scrúdú an Bhéarla sa Teastas Sóisearach i ngach ceann de na blianta 2003-2006, agus go bhfuil méadú ag teacht ar an mbearna idir na figiúir seo – ó 8% i 2003 go 11% i 2006 (féach an aguisín). D'fhéadfaí cuid den mhéadú sa difríocht idir líon na scoláirí don Bhéarla agus don Ghaeilge a mhíniú i ngeall ar an méadú ar líon na scoláirí atá ag teacht ó thíortha eile agus an méadú freisin ar líon na scoláirí le riachtanais speisialta atá á gcomhtháthú sna ranganna príomhshrutha. Ba chóir do scoileanna, áfach, súil ghéar a choimeád ar an mbealach ina gceadaítear díolúintí agus a dheimhniú go mbíonn a leithéid de réir na bhforálacha san imlitir chuí.

Thuirisc na cigirí freisin ar na socrúithe foghlama a rinneadh do scoláirí a raibh díolúintí acu. Bhí dhá ghrúpa scoláirí a bhí i dteideal díolúintí a lorg—iad siúd a raibh tréimhse dá mbunoidéachas caite thar lear acu agus iad siúd a raibh deacrachtaí aitheanta foghlama acu—agus d'fhéadadh go mbeadh scoláirí a mbeadh an dá réimse iarratas i gceist dóibh. Is léir, áfach, go mbeadh riachtanais de chineál eile acu ag na tréimhsí sin nuair a bheadh an Ghaeilge ar an tráthchlár. Thuirisc na cigirí go raibh éagsúlachtaí sna socrúithe a rinneadh do na scoláirí seo. I gcásanna áirithe, bhí cead ag na scoláirí le díolúintí staidéar a dhéanamh ar ábhar eile ach iad fós suite sa rang Gaeilge nó in áit eile ina raibh feitheoireacht á déanamh orthu. Ba ghnách gurbh iad seo na socrúithe a bhí i bhfeidhm do na scoláirí a raibh tréimhse bunscolaíochta caite acu lasmuigh den Stát.

I scoileanna áirithe, cuireadh an clár tacaíochta foghlama ar fáil do na scoláirí a raibh deacrachtaí aitheanta foghlama acu (agus a raibh acmhainní breise teagaisc ceadaithe dóibh) le linn ama na Gaeilge. I gcásanna eile, dheimhnigh scoileanna go raibh fáil ag na scoláirí uile a raibh riachtanais speisialta oideachais acu ar Ghaeilge, agus mealladh na scoláirí le díolúintí chun staidéar a dhéanamh ar an teanga. Rinneadh scoláirí a bhí ag gabháil de Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh a mhealladh le staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an mbonnleibhéal.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Díolúintí ón nGaeilge a cheadú de réir na bhforálacha in Imlitir M10/94
- I gcás díolúine a bheith faighte ag scoláire go ndéanfaí an t-am a bhíonn ar fáil dá réir a úsáid chun barr leasa an scoláire
- Go gcuirfí deiseanna ar fáil do scoláirí le díolúine ón nGaeilge (go háirithe scoláirí ón iasacht a bhfuil teanga nó teangacha eile acu) páirt a ghlacadh sna ranganna Gaeilge

### Ábhair imní

- Imní na bpríomhoidí faoin mbrú atá ar iar-bhunscoileanna díolúintí ón nGaeilge a cheadú
- Bhí díolúine ón nGaeilge ag 6¾% de na scoláirí uile; d'ardaigh an figiúr seo go 7½% sna scoileanna arbh é an Béarla príomhtheanga na scoile
- Scoláirí le díolúintí ón nGaeilge ag fanacht sa rang Gaeilge ach staidéar á dhéanamh acu ar ábhar eile - mí-éifeacht aige seo ar fhoghlaim na scoláirí agus ar dhinimic an ranga

Is faoi na scoileanna atá sé na socrúithe is mó a rachaidh chun leasa na scoláirí a eagrú—idir scoláirí an ranga Ghaeilge agus scoláirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu. Ceist bhainistiú acmhainní atá ann, chomh maith le polasáí scoile a



leagadh amach i dtaobh rannpháirtíocht scoláirí sa Ghaeilge. Ba é dearcadh na gcigirí gurbh é an rud ba lú a bhí le moladh ná go mbeadh scoláirí le díolúintí ag déanamh staidéir ar ábhar eile agus iad suite sa rang Gaeilge, mar nach ar mhaithe le staidéar pearsanta scoláirí aonair ná dinimic an ranga Ghaeilge a leithéid.

### 2.4 Dáileadh na múinteoirí

Mheas na cigirí gurbh fhearr an cleachtas a bhí sna scoileanna ina raibh polasaí aontaithe chun deis chothrom a thabhairt do gach múinteoir Gaeilge taithí a fháil ar mhúineadh an ábhair ag na leibhéil éagsúla sa tsraith shinsearach chomh maith céanna leis an tsraith shóisearach. Thuairisc na cigirí gur chuidigh a leithéid le hardú meanman i measc múinteoirí an ábhair agus gur chuidigh sé le pleanáil chomhoibritheach a chur chun cinn. Bhí siad den tuairim freisin go ndeachaigh a leithéid de shocrú chun leasa sheasamh an ábhair sa scoil.

Thuairisc cigirí go raibh barrchleachtas dá leithéid seo le feiceáil i roinnt scoileanna. Rinne siad cur síos freisin ar chleachtais de chineálacha eile. I roinnt scoileanna bhí na ranganna Gaeilge sa tsraith shóisearach roinnte de réir mar a d'aontaigh na múinteoirí féin. I scoileanna eile rinne an príomhoide na múinteoirí a dháileadh ar na ranganna ag na

leibhéil éagsúla agus aird á tabhairt ar na torthaí a baineadh amach cheana i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh. I roinnt scoileanna, ba iad na múinteoirí a roghnaíodh do mhúineadh na Gaeilge sa tsraith shóisearach ná iad siúd a raibh an Ghaeilge mar mhionchuid dá gclár teagaisc. Muna raibh fonn ar mhúinteoirí tabhairt faoi mhúineadh an ábhair ag gach leibhéal mhol na cigirí go ndéanfadh roinn an ábhair, agus bainistíocht na scoile, gach iarracht ar thacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil chun cuidiú le múinteoirí an doicheall sin a shárú.

#### Tréithe an dea-chleachtais

- Deiseanna a bheith ar fáil go cothrom do mhúinteoirí uile na Gaeilge an t-ábhar a theagasc ag gach leibhéal—sa tsraith shóisearach agus shinsearach araon

#### Ábhair imní

- Cuid de na múinteoirí á ndáileadh ar ranganna bunaithe ar na torthaí a baineadh amach cheana féin i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh
- Cuid de na múinteoirí a ainmníodh chun an Ghaeilge a mhúineadh ag leibhéal na sraithe sóisearaigh nach raibh an Ghaeilge ach mar mhionchuid dá gclár teagaisc

## 2.5 Seomraí ranga agus acmhainní mar thacaí don teagasc agus don fhoghlaim

Aithníodh sna tuairiscí an buntáiste a bhaineann le seomra ranga a bheith faoi chúram an mhúinteora Ghaeilge ar mhaithe le soláthar níos fearr d'acmhainní teagaisc agus foghlama agus timpeallacht spreagúil don Ghaeilge a chur ar fáil. Ba léir do na cigirí constaici maidir le fáil a bheith go héasca ar acmhainní teagaisc nuair nach raibh seomra ranga ar leith ar fáil don mhúinteoir. I dtuairisc amháin moladh na socrúithe a bhí i bhfeidhm i scoil de chuid an Choiste Gairmoideachais mar a raibh clár bán, scáileán, osteilgeoir, teilifiseán, fisthaifeadán agus seinnteoir dlúthdhioscaí ar fáil mar ghnáthnós i seomraí ranga ag formhór na múinteoirí Gaeilge. Mhol na cigirí seomraí ranga a chur ar fáil faoi chúram na múinteoirí Gaeilge dá bhféadfaí.

Mhol na cigirí freisin, sa chás go raibh teaglann sa scoil, nó córais físeáin agus fuaime, agus ionad stórála d'acmhainní, go mba chóir a dheimhniú le linn pleanála do dháileadh na seomraí agus d'eagrú an tráthchláir, go mbeadh fáil ar na háiseanna seo do mhúineadh na Gaeilge.

Thuairisc na cigirí go dearfach ar na hacmhainní a bhí ar fáil

do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge, cé gur bheag tagairt a bhí sna tuairiscí do bhuiséad ar leith a bheith ar fáil d'áiseanna teagaisc do mhúineadh na Gaeilge. I mbeagnach gach cás cuireadh na hacmhainní teagaisc ar fáil tar éis iarratas a chur faoi bhráid an phríomhoide.

Mhol na cigirí an úsáid a baineadh as áiseanna so-iompair ar nós seinnteoirí dlúthdhioscaí agus téipeanna a thug deis do mhúinteoirí míreanna den chaint bheo a thaifeadadh ó na meáin chraolta agus a úsáid sa seomra ranga. Moladh freisin an cur chuige a bhí le feiceáil i gcásanna teoranta mar a raibh úsáid na míreanna seo mar chuid lárnach sa phleanáil do mhúineadh an ábhair. Tuairiscíodh go raibh fáil ag roinnt scoileanna Gaeltachta (faoi scéimeanna pobail ar leith) ar theagascóirí seachtracha a tháinig isteach sa scoil chun cur le saibhreas labhartha Gaeilge na scoláirí.

I gcás na scoileanna sin a raibh leabharlann iontu moladh cur le stór na leabhar Gaeilge a bheadh oiriúnach mar ábhar léitheoireachta breise don teanga.

Mhol na cigirí freisin go mba chóir do scoileanna liosta na n-acmhainní atá ar fáil san ábhar a chlárú, agus cóip de seo a chur ar fáil do bhail uile roinn na Gaeilge. Moladh freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta ag deireadh gach bliana ar mhaithe le hathnuachan a dhéanamh don bhliain

dar gcionn agus cur le líon na n-acmhainní. Ba é tuairim na gcigirí go bhfeabhsófaí go mór líon na n-acmhainní teagaisc trí phlé a dhéanamh ar na cúrsaí sin mar chuid den obair chomhphleanála, agus an plé seo ag eascairt ó thaithí na múinteoirí le hacmhainní éagsúla. Is é tuairim na gcigirí nár mhiste, maraon leis na téacsleabhair féin, spreagthacht agus éagsúlacht a chur sna hacmhainní a mbaintear úsáid astu.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Seomraí ranga ar leith a bheith ag múinteoirí ar mhaithe le soláthar acmhainní agus timpeallacht spreagthach foghlama
- Fáil a bheith ar réimse leathan áiseanna teagaisc lena n-áirítear ríomhaire agus osteilgeoir, fiseán/teilifiseán, agus seinnteoir dlúthdhioscáí
- Socruithe cinnte ar fáil maidir le buiséad chun acmhainní teagaisc a athnuachan agus a cheannach
- Míreanna dílse teanga á dtaifeadh agus á mbailiú (ón teilifís, raidió srl) mar thaca le foghlaim na teanga
- Liostaí de na hacmhainní atá ar fáil a thabhairt do mhúinteoirí agus iad á ngríosadh chun úsáid a bhaint astu
- Teagascóirí seachtracha ón bpobal a bheith ar fáil chun cuidiú le scoláirí i scoileanna Gaeltachta saibhriú a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge labhartha

### Ábhair inmí

- Gá le níos mó spéise agus éagsúlachta a bheith ag baint leis na háiseanna atá ar fáil i roinnt scoileanna
- Gá leis na hacmhainní atá ar fáil a liostáil agus na liostaí a chur ar fáil do mhúinteoirí
- Gá leis na hacmhainní atá ar fáil a athbhreithniú mar thoradh ar a leithéid a bheith pléite ag na múinteoirí
- Gá, más ann do theanglann, le tráthchlár teanglainne a bheith ar fáil a chlúdaíonn tréimhsí don Ghaeilge

## 2.6 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

Baineann tuairiscí na gcigirí ar a bhfuil an tuairascáil seo bunaithe leis an tréimhse díreach sula raibh an leathanbhanda á chur ar fáil go coitianta sna scoileanna. Tuairiscíodh fáil a bheith ar áiseanna TFC do mhúineadh na Gaeilge i raon íseal scoileanna - i ngeall ar éileamh eile ar sheomra (nó seomraí) TFC. Luadh an Idirbhliain go minic mar ghrúpa ar tugadh tosaíocht dó maidir le soláthar a dhéanamh in áiseanna TFC.

Tháinig sé chun solais go soiléir sna tuairiscí gur bheag ar fad an úsáid a bhí á baint as TFC i múineadh na Gaeilge nó sa phleanáil a rinneadh chuige sin. Ba i líon an-íseal tuairiscí a rinneadh tagairt do TFC mar chuid de theagasc na Gaeilge. I

gcásanna áirithe moladh obair na múinteoirí as míreanna dílse den teanga scríofa a chóipeáil ó shuímh ghréasáin áirithe a bhain leis an nGaeilge le húsáid sa rang. Fiú sna cásanna teoranta sin ní raibh taithí theagmhálach ag na scoláirí féin ar an teicneolaíocht a úsáid chun ábhar i nGaeilge a aimsiú.

Moladh go minic sna tuairiscí go mba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le mír de TFC a chur ar chlár teagaisc na sraithe sóisearaigh. Breathnaíodh sampla eisceachtúil ina raibh ríomhaire le ceangal idirlín ar fáil sna seomraí ranga don Ghaeilge. Sa chás sin bhí an ríomhaire in úsáid mar uirlis chomhtháite i múineadh agus i bhfoghlaim na teanga agus fáil ag na scoláirí air i rith an ama, faoi stiúir an mhúinteora. Níl ansin ach múnla amháin de na féidearthachtaí a bhaineann le húsáid TFC sa rang Gaeilge.

Rinneadh cur síos i dtuairisc eile do nasc a rinne scoil ar leith le scoil lán-Ghaeilge i gceantar eile sa tír. D'fhéadfaí a leithéid de nasc a chur chun cinn ag leibhéal na scoláirí aonair agus teachtaireachtaí ríomhphoist i nGaeilge a mhalartú ar a chéile. Le teacht an leathanbhanda chun na scoileanna déanfar an gnó seo a éascú go mór.

D'aithin na cigirí an gá a bhí ann leis na múinteoirí a bheith ar a gcompond le húsáid TFC. Mhol siad go nglacfadh gach

múinteoir leis na deiseanna oiliúna ar an TFC a bheith mar ghné comhtháite de theagasc na Gaeilge agus deis a bheith ag na scoláirí go léir léargas a fháil ar an teanga a bheith in úsáid leis an teicneolaíocht nua-aimseartha.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Úsáid TFC agus an idirlín chun teacht ar mhíreanna dílse teanga
- Úsáid TFC chun naisc a chruthú le scoileanna eile agus le foghlaimeoirí Gaeilge

### Ábhair imní

- Fíorbheagán úsáide á baint as TFC i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge
- Go fiú nuair a baineadh úsáid as TFC chun acmhainní dílse teanga a aimsiú don Ghaeilge, ba iad na múinteoirí amháin a bhí ag baint úsáide as an teicneolaíocht
- Gan aon taithí á fáil go díreach ag scoláirí ar TFC a úsáid iad féin
- Gá a dheimhniú go mbíonn fáil ar acmhainní TFC chun cuidiú le múineadh na Gaeilge
- Fíor-ghá ag múinteoirí le deiseanna oiliúna a bheith acu in úsáid TFC

## 2.7 Forbairt ghairmiúil múinteoirí

Rinneadh trácht i dtuairiscí na gcigirí ar dhíomá príomhoidí agus múinteoirí maidir le laghad na gcúrsaí inseirbhíse a bhí ar fáil le blianta fada do mhodhanna múinte na Gaeilge-mar chéad teanga nó mar dhara teanga. Tugadh moladh sna tuairiscí do ghnéithe éagsúla den fhorbairt ghairmiúil a rinne múinteoirí ar leith, mar shampla cáilíochtaí iarchéime a baineadh amach i réimsí ar nós na Gaeilge féin, na tacaíochta foghlama, agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

I gcás ar leith cuireadh cúrsa ar fáil do na múinteoirí Gaeilge i modhanna múinte na Gaeilge mar dhara teanga, agus bhí múinteoirí Gaeilge i scoileanna éagsúla ag obair i bpáirt le tionscnamh ollscoile a bhí ag díriú ar theagasc agus foghlaim a chur chun cinn ar bhealach nuálach. I gcásanna teoranta eile bhí duine d'fhoireann roinn na Gaeilge ag freastal ar scéim phíolótach i múineadh na Gaeilge a bhí á heagrú ag an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (STD). Luadh i gcásanna eile go ndearna baill roinn na Gaeilge freastal ar chruinnithe de chuid Chomhar na Múinteoirí Gaeilge - cruinnithe, mar a tuigeadh, a bhain den chuid ba mhó le treoir ar ghnéithe de na scrúduithe teistiméireachta.

Bhain na himeachtaí ar fad a luadh thuas le mionlach beag de na múinteoirí Gaeilge ar chas na cigirí leo sna scoileanna in ullmhú na tuarascála seo. Glactar leis gur cuid thábhachtach d'obair an mhúinteora Ghaeilge é athbhreithniú a dhéanamh ar mhodhanna múinte agus foghlama teangacha. Ba í tuairim na gcigirí go mb'fhiú do mhúinteoirí a dtaithí ghairmiúil ar mhúineadh na Gaeilge a roinnt ar a chéile agus go mb'fhiú na féidearthachtaí ar ghnéithe éagsúla den teagasc a roinnt ar a chéile go háitiúil. D'fhéadfaí, chomh maith céanna, teagasc foirne a thriail ó am go ham dá mbeadh solúbthacht ar an tráthchlár dá leithéid.

Is fiú a lua ag an bpointe seo go bhfuil an tAire Oideachais agus Eolaíochta, ó críochnaíodh an obair thaighde don tuarascáil seo, tar éis foireann speisialta a cheapadh faoi scáth Sheirbhís Tacaíochta an Dara Leibhéal (STD) chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí Gaeilge. Tá comhordaitheoir náisiúnta agus painéal d'oifigigh fhorbartha réigiúnacha ceaptha. Tá clár cuimsitheach tacaíochta pleanáilte agus táthar ag súil go gcuideoidh a leithéid le múinteoirí an ábhair chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ar an gcur chuige i leith modhanna teagaisc agus foghlama.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Cineálacha éagsúla den bhforbairt ghairmiúil déanta ag múinteoirí i réimsí ar nós na Gaeilge, na tacaíochta foghlama agus TFC
- Cúrsa do na múinteoirí i scoil amháin ar mhúineadh na Gaeilge mar dhara teanga
- Múinteoirí áirithe ag roinnt a gcleachtas gairmiúil ar fhoireann na scoile agus ar mhúinteoirí i scoileanna eile

### Ábhair inní

- Díomá ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí i ngeall ar an easpa cúrsaí inseirbhísi ar theagasc na Gaeilge le blianta fada
- Mionlach de mhúinteoirí tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla

## 2.8 Polasaí scoile uile don Ghaeilge

Luaitear in Ailt 9(f) agus 9(h) den *Acht Oideachais 1998* go bhfuil dualgais áirithe ar scoileanna úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa scoil agus, i gcás scoileanna Gaeltachta, gur chóir cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail. Sa mhéid go ndearnadh tagairt don ábhar seo sna tuairiscí ba thagairtí dearfacha iad den

chuid ba mhó ar fad. I gcásanna áirithe ba mhúinteoirí Gaeilge iad na príomhoidí féin, a thuig go maith na dúshláin a bhain le múineadh na Gaeilge. I gcás amháin rinneadh cur síos ar an moladh a thug na múinteoirí Gaeilge don phríomhoide, nárbh Éireannach é, as ucht na tacaíochta a léiríodh don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile. I gcás eile díriodh aird ar thacaíocht phríomhfheidhmeannach an Choiste Gairmoideachais do chur chun cinn na Gaeilge sa scoil le soláthar acmhainní, le cuairteanna chun na scoile, agus leis an spreagadh a tugadh d'fhoireann na scoile.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Diansaothar oibre ó bhoird bhainistíochta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun a dheimhniú go n-éireodh le hiarrachtaí na scoileanna seo éiteas lán-Ghaeilge a chaomhnú agus cuidiú le buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail
- Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge go mór chun tosaigh maidir le polasaithe Gaeilge a dhréachtú dá scoileanna

Moladh dúthracht bhainistíochta na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge maidir le rath a bheith ar iarrachtaí na scoile éiteas Gaeilge a dheimhniú sa scoil. Ba ábhar suntais freisin gurbh iad na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

ba mhó a bhí chun tosaigh i ndruchtú pholasaí Gaeilge dá scoileanna ar mhaithe lena chinntiú gurb í an Ghaeilge a bhíonn chun tosaigh in imeachtaí scoile agus go mbíonn tacaíocht ar fáil di mar phríomhtheanga an phobail.

## 2.9 Imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim

Luaigh thart ar an tríú cuid de na tuairiscí na sárghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a bhí ar fáil do mhúineadh na Gaeilge. Ar na himeachtaí ba mhó ar tarraingíodh aird orthu bhí cuairteanna chun na scoile ó scríbhneoirí Gaeilge nó ó phearsana aitheanta, áitiúil nó náisiúnta, a raibh Gaeilge líofa acu. Bhí tacaíocht ar fáil ón gComhairle Ealaíon do chuid de na cuairteanna seo faoi scéim na scríbhneoirí i scoileanna.

Ghlac na scoláirí páirt i gcomórtais éagsúla, ar nós díospóireachtaí, tráthanna ceisteanna, scríbhneoireacht chruthaitheach, scríobh aistí, agus fiseáin a chumadh – gach ceann acu ag cruthú deiseanna an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den rang Gaeilge. Sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge leagadh an bhéim ar aitheantas a bhaint amach d’iarrachtaí na scoláirí. Léirigh na scoileanna sár-eolas agus taithí ar na meáin chraolta Ghaeilge sa ghnó seo.

Rinneadh tagairtí fabhracha go minic sna tuairiscí d’iarrachtaí na scoileanna ar imeachtaí a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil i rith Sheachtain na Gaeilge. Luaitear nach gá gur i mí an Mhárta a dhéanfaí na himeachtaí sin a eagrú. Tá ceangal idir na himeachtaí seo agus tacaíocht na scoile uile a ndearnadh tagairt dó in alt 2.8 thuas. Is iad na hiarrachtaí is bisiúla díobh sin na cinn sin a n-éiríonn leo labhairt na Gaeilge a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga nó ar a laghad a dhíríonn aird níos mó ar an nGaeilge i bhfoirm fógraí agus taispeántais ar fud na scoile. Is féidir freastal ar riachtanais na scoláirí ar fad in imeachtaí den chineál sin.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Gníomhaíochtaí comhchuraclaim a úsáidtear le dea-thorthaí chun teagasc na Gaeilge a chur chun cinn, ar nós:
  - o Cuairteanna chuig na scoileanna ó scríbhneoirí nó ó phearsana móra le rá a bhfuil líofacht Ghaeilge acu
  - o Díospóireachtaí
  - o Tráthanna na gceisteanna
  - o Scríbhneoireacht chruthaitheach
  - o Fiseáin a dhéanamh
  - o Seachtain na Gaeilge
  - o Fógraí agus taispeántais faoin nGaeilge ar fud na scoile



# Caibidil 3

Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin



### 3.1 An próiseas pleanála sna scoileanna

Dhearbhaigh na tuairiscí cigireachta ábhair gur léir dul chun cinn i bhforbairt na pleanála don Ghaeilge ar bhonn comhoibritheach. Ba léir freisin, áfach, éagsúlachtaí sna cleachtais a breathnaíodh.

Deimhníonn an phleanáil chomhoibritheach d'ábhar ar nós na Gaeilge go ndéantar fíis shoiléir a léiriú do theagasc an ábhair agus go mbíonn an fhoireann teagaisc ina hiomláine ar aon fhocal maidir leis an bhfíis sin. Más ann don phleanáil chomhoibritheach beidh ar chumas na múinteoirí Gaeilge pleanáil chuimsitheach a dhéanamh do theagasc an ábhair a dhéanamh, agus beifear ábalta monatóireacht agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bplean. Beidh tuiscint chomhfhreagrach i measc na múinteoirí ar theagasc an ábhair agus déanfaidh siad athbhreithniú go bliantúil ar na spriocanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe de réir mar a oireann do riachtanais na scoláirí. Cuidíonn an tsárphleanáil lena chinntiú go mbaineann na scoláirí taitneamh as an ábhar agus go ndéanann siad staidéar air ag an leibhéal is airde a oireann dá gcumais.

Cuidítear go mór leis an tsárphleanáil nuair a ghlacann comhordaitheoir ábhair an cúram ceannródaíochta sa

phróiseas agus nuair a dhéantar cruinnithe a thionól go rialta. Ní mór freisin taifead a choimeád ar imeachtaí na gcrúinnithe, agus ar na cinntí agus na tascanna atá le comhlíonadh.

Léiríonn na tuairiscí cigireachta ábhair go bhfuil tús curtha leis an gcomhphleanáil, mar a luaitear thuas, i múineadh na Gaeilge. I dtuairiscí áirithe bhí sé le rá go raibh post freagrachta sa scoil do chomhordaitheoir ar roinn na Gaeilge, ach i scoileanna eile rinneadh an dualgas seo a roinnt ó bhliain go bliain ar na múinteoirí Gaeilge. Cé gur léirigh na tuairiscí éagsúlachtaí sa mhéid ama a chuir bainistíocht na scoile ar fáil don obair phleanála, luaitear freisin gur tionóladh cruinnithe ábhair ag tús agus ag deireadh na scoilbhliana, nó ag amanna eile le linn na bliana. I gcoitinne bhí thart ar an trí ceathrú cuid de na tuairiscí a léirigh ráitis mholta i leith na comhphleanála sna scoileanna.

Bhí an méid seo a leanas, mar shampla, le léamh i dtuairisc amháin:

Cé gur ar bhonn neamhfhoirmiúil a fheidhmíonn na múinteoirí Gaeilge, is léir go bhfuil an-chuid pleanála ar siúl sa scoil agus tréasláitear leis na múinteoirí faoin bpleanáil phearsanta agus faoin gcomhphleanáil leathan atá ar siúl sa Ghaeilge.

I líon suntasach scoileanna, áfach—thart ar an gceathrú cuid—bhí pleanáil na Gaeilge teoranta do phleanáil aonair na

múinteoirí nó do ghné teoranta éigin den chomhphleanáil. Chiallaigh an phleanáil teoranta i gcásanna áirithe gur tháinig na múinteoirí le chéile chun plé a dhéanamh ar na hábhair imní a bhí ag roinn na Gaeilge ach níor aontaigh siad cláir chomónta don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú ar an nGaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaigh. I gcásanna eile, ní raibh an chomhphleanáil ag feidhmiú ach i mbliain nó dhó den tsraith shóisearach. I scoil amháin, mar shampla, tuairiscíodh go raibh comhphleanáil ar siúl i measc na múinteoirí don chéad bhliain ach níor lean sé sa dara agus sa tríú bliain.

Tá laigí áirithe ag baint leis an bpleanáil a bhíonn ar bun ina n-aonar ag an múinteoir—seachas cur chuige comoibrítheach a bheith ag feidhmiú sa scoil. Thar aon ní eile ní féidir le múinteoirí a ndea-chleachtas a roinnt ar a chéile agus ciallaíonn easpa chomhordaithe i measc na múinteoirí nach féidir leanúnachas foghlama a dheimhniú do na scoláirí.

Is iad seo a leanas na moltaí ba mhó a rinne cigirí maidir leis an bpleanáil:

- polasaí cuimsitheach don Ghaeilge i gcuraclam na scoile a aontú mar chuid den phróiseas um phleanáil forbartha scoile
- tógáil ar an dea-obair neamhfhoirmiúil pleanála atá ar bun trí theacht le chéile mar mhúinteoirí Gaeilge agus cláir oibre a chur ar bun
- comhphleanáil a thionscnamh i gcás múinteoirí a bhfuil an leibhéal céanna á mhúineadh acu sa Ghaeilge

### Tréithe an dea-chleachtais

- Plean cuimsitheach á fhorbairt don Ghaeilge mar chuid de phlean iomlán scoile
- Tugann plean na Gaeilge aird ar ghnéithe ar nós cur chun cinn na Gaeilge i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim mar aon le teagasc agus foghlaim an ábhair
- Glacann múinteoirí comhfhreagracht as teagasc an ábhair
- Déanann na múinteoirí athbheithniú ar na spriocanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe gach bliain
- Glacann comhordaitheoir cúram ar an obair pleanála
- Cuireann bainistíocht na scoile dóthain ama ar fáil do phróiseas pleanála an ábhair

### Ábhair imní

- An phleanáil chomhoibrítheach teoranta i líon suntasach scoileanna (beagán os cionn an ceathrú cuid de na scoileanna)
- Easpa deiseanna do mhúinteoirí a ndea-chleachtas a roinnt ar a chéile agus a dheimhniú go mbíonn leanúnachas ar fáil do na scoláirí

## 3.2 Ábhar an phlean scoile

Thagair na tuairiscí cigireachta do cháilíocht dhoiciméid phleanála na scoile don Ghaeilge.

### 3.2.1 Dílseacht na pleanála d'aidhmeanna agus do threoirlínte an tsiollabais: An bhéim ar an teanga labhartha

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) *Siollabas don Teastas Sóisearach: Gaeilge* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988]) agus foilseachán gaolmhar eile *Gaeilge don Teastas Sóisearach: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (CNCM, [1989]). Moltar go n-úsáidfí na leabhráin seo mar bhunús do phleanáil chomhoibrítheach múinteoirí seachas díriú ar théacsleabhair agus ar pháipéir scrúdaithe.

Is é an phríomhaidhm ar a ndíríonn an siollabas ná forbairt a dhéanamh ar chumas na scoláirí leis an nGaeilge a úsáid:

Tá an siollabas bunaithe ar an tuiscint gurb é príomhaidhm na gcúrsaí ná chun a chur ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a úsáid. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988], lch. 1)

Tá treoir den chineál céanna le léamh i dtreoirlínte na múinteoirí a ghabhann leis an siollabas mar a luaitear go bhfuil an-bhéim ar úsáid na teanga, agus gur gá comhthéacs

suimiúil nó réadúil a bheith le suimh chumarsáide na scoláirí, agus go bhfuil freisin athrú béime sa siollabas, athrú ón léamh agus ón scríobh go dtí an chaint (CNCM, lch.1 agus lch.17)

Is léir ó thuairiscí na gcigirí go raibh an phleanáil agus an t-ullmhúchán i líon beag scoileanna ag teacht lena bhfuil luaite sa siollabas agus sna treoirlínte. Chuir na scoileanna seo an bhéim chuí ar labhairt na Gaeilge a fhorbairt mar cheann de phríomhscileanna na teanga. Bhí, mar shampla, a leithéid seo le léamh i roinnt bheag scoileanna:

Cuireadh plean le chéile le forbairt a dhéanamh ar chumas cumarsáide na scoláirí i ngach bliainghrúpa.

Cuirtear béim sa phleanáil ar chumas labhartha Gaeilge na scoláirí a fhorbairt agus ar dhearcadh dearfach a chothú iontu i leith na Gaeilge agus í a chur ina láthair mar theanga bheo.

Ní raibh sé le léamh sna tuairiscí i gcoitinne, seachas sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, go raibh labhairt na Gaeilge mar phríomhaidhm san obair phleanála. Lean impleachtaí dá thoradh sin ar an gcleachtas ranga a bhí mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim. Ba mhinic a mhol na cigirí go ndíreofaí níos mó airde sa phleanáil agus san ullmhúchán ar phríomhaidhm an tsiollabais agus dá réir sin ar an athrú a bheadh de dhíth ar ról an mhúinteora mar thoradh ar an bpríomhaidhm.

Leagtar amach go soiléir sa siollabas, agus sna treoirlínte a leanann, impleachtaí príomhaidhm an tsiollabais maidir le cur chuige don phleanáil agus don ullmhúcháin. Ag trácht ar an athrú béime a bhí le teacht ar pháirt an mhúinteora sa rang Gaeilge mar thoradh ar *Siollabas don Teastas Sóisearach: Gaeilge*, a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 1989, luaitear i *dTreoirlínte na Múinteoirí* gur chóir don mhúinteoir feidhmiú mar bhainisteoir ar ghníomhaíochtaí éagsúla foghlama seachas bheith ina dháileoir eolais. Is mar seo a leagtar an bhéim sna *Treoirlínte*

Caithfidh an múinteoir atmaisféar a chothú sa rang ina mbeadh sé nádúrtha an Ghaeilge a úsáid. (CNCM, lch.5)

Eascraíonn impleachtaí ón treoir seo, ní hamháin don ábhar a bhíonn sna ceachtanna foirmiúla, ach freisin d'úsáid ghinearálta agus neamhfhoirmiúil na Gaeilge sa seomra ranga. Chun príomhaidhm Shiollabas Gaeilge an Teastais Shóisearaigh a bhaint amach ní mór an teanga a úsáid go nádúrtha fad a bhítear ag plé léi mar ábhar ranga, agus an Ghaeilge a úsáid feisin i ngnáthimeachtaí eile an ranga, a oiread agus is féidir. Ní mór freisin deiseanna cumarsáide sa Ghaeilge a chruthú sa rang. Ina theannta sin ní mór na scoláirí a spreagadh leis an nGaeilge a labhairt trí thascanna gníomhacha a úsáid—ar nós obair ghrúpa, obair bheirte, rólímirt, agus freagairt do mhíreanna dílse ó na meáin chraolta. Chiallódh a leithéid de chur chuige saoirse áirithe a

ghlacadh ó na téacsleabhair agus neamhspleáchas san fhoghlaim a chur chun cinn.

Tá sé mar fhianaise i leith na pleanála agus an ullmhúcháin sna tuairiscí cigireachta gur gá do scoileanna níos mó béime a leagan ar theanga labhartha na scoláirí a fhorbairt mar atá molta sa siollabas agus i dtreoirlínte na múinteoirí. Moladh sna tuairiscí freisin gur chóir do scoileanna pleanáil ar na modheolaíochtaí a úsáid ar bhealach a chruthódh deiseanna do scoláirí an teanga a úsáid agus a chleachtadh sna ranganna Gaeilge.

### 3.2.2 Soiléireacht agus leanúnachas sna cuspóirí foghlama

Ba é dearcadh na gcigirí go mba chóir spriocanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a aontú, bliain ar bhliain, do na leibhéil éagsúla san ábhar agus iad sin a chlárú mar chuid lárnach de na scéimeanna oibre san ábhar. Luaigh siad gur pointí riachtanacha tagartha iad na spriocanna sin ar mhaithe le cláir chomónta a chur ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim. Thuairisc na cigirí, áfach, gur áiríodh mar chuid de na gnéithe ba choitianta ar chlár na gcruinnithe comhphleanála roghnú téacsleabhar, oiriúnacht scoláirí do na leibhéil éagsúla sa teanga, imeachtaí seach-churaclaim, imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, scrúduithe tí, scoláireachtaí

Gaeltachta, clár comónta teagaisc agus acmhainní don ábhar. Bhí sé rí-shoiléir go raibh gá le díriú níos mó ar chuspóirí teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Cuireadh curaclam nua Gaeilge ar fáil do bhunscoileanna mar chuid de *Churaclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999). I dtuairisc amháin, mhol na cigirí mar dhea-chleachtas an aird a dhírigh an scoil ar chuspóirí churaclam na bunscoile ar mhaithe le cuidiú le leanúnachas i bhfoghlaim na scoláirí:

Téitear i gcomhairle le curaclam Gaeilge na bunscoile agus pianáil ar bun do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge ar mhaithe le leanúnachas a chruthú idir an dá leibhéal—go háirithe i gcás scoláirí ar bheagán Gaeilge nó gan Ghaeilge. Tá an-mholadh ag dul do na múinteoirí Gaeilge as seo.

Is é dearcadh na gcigirí go mb'fhiú na spriocanna foghlama sa teanga a mbeifí ag súil leo go réasúnta ó dhaltaí bunscoile ranganna 5 agus 6 a bhunú ar aidhmeanna churaclam nua Gaeilge na bunscoile. Mhol na cigirí freisin go bhféadfaí a leithéid de chuspóirí a úsáid nuair a bheadh athbhreithniú ar obair na chéad bhliana á phleanáil.

### 3.2.3 Pleanáil don fhoghlaim idirdhealaitheach

Léirigh tuairiscí na gcigirí gur ranganna cumais mheasctha is mó a úsáideadh sa chéad bhliain den tsraith shóisearach i scoileanna ina raibh an Béarla mar mheán teagaisc. A mhalairt a bhí i gceist sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge mar a raibh ranganna cumais mheasctha i ngach ceann de na trí bliana.

Chun freastal mar is cuí ar riachtanais fhoghlama scoláirí nua na chéad bhliana ní mór a gcumas sa Ghaeilge—i ngach ceann de na príomhscileanna teanga—a mheas ag an tús agus go rialta ina dhiaidh sin. Mhol na cigirí an obair phleanála a léirigh socruithe éagsúla do leibhéil chumais éagsúla scoláirí san aon rang amháin:

Cuirtear riachtanais fhoghlama scoláirí aonair san áireamh sa phleanáil go pointe leis - mar shampla léitheoireacht agus tascanna breise do dhaltaí Gaelscoile agus obair bhaile in oiriúint do scoláirí a thagann isteach sa chéad bhliain ar bheagán Gaeilge.

Ba léir do chigirí, má tugadh aird ar chaighdeán Gaeilge na scoláirí a mheas agus iad ag teacht chun na scoile ón mbunscoil, go raibh formhór na measúnuithe dírithe ar an nGaeilge scríofa. Má tá aidhm an tsiollabais le baint amach dáiríre—feidhm chumarsáideach a bheith le húsáid na

Gaeilge—ní mór an measúnú a bheith ag teacht le spriocanna uile na foghlama agus an teagaisc.

Ba é moladh láidir na gcigirí go ndéanfaí pleanáil rí-chúramach don fhoghlaim idirdhealaitheach agus go mbainfeadh an tábhacht chéanna le riachtanais gach scoláire: is é sin le rá, nach mór freastal ar riachtanais an scoláire atá ar bheagán Gaeilge chomh maith céanna leis an scoláire a léiríonn ardchumas sa teanga. Bhí se le rá ag na cigirí nach leor an teagasc a dhíriú ar mheánphointe cumais an dá ghrúpa sin. Mar a dúradh i dtuairisc amháin:

.....leagtar an bhéim ar chaighdeán na scoláirí gur beag Gaeilge atá acu a fhorbairt ach ... ní áirítear na scoláirí a bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge nuair a bhíonn an phleanáil ar bun

Tá mórbhuntaistí le baint as pleanáil a dhéanamh don obair ghrúpa, don obair i mbeirteanna agus don drámaíocht chun freastal ar riachtanais idirdhealaitheacha scoláirí. Moltar an cleachtas seo a leanas, a breathnaíodh i scoil lán-Ghaeilge:

Cuirtear cumas ranganna san áireamh agus pleanáil ar bun agus úsáidtear éagsúlacht mhodhanna agus straitéisí teagaisc ar mhaithe le foghlaim na scoláirí, ar nós na drámaíochta.

### Tréithe an dea-chleachtais

- An phleanáil faoi threoir ag an siollabas agus ag treoirlínte na múinteoirí don Ghaeilge sa Teastas Sóisearach
- Pleanáil i líon beag scoileanna ag réiteach leis an mbéim a leagtar sa siollabas ar labhairt na teanga
- Aidhmeanna an churaclaim bunscóile in úsáid mar eolas don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú chun leanúnachas a dheimhniú do scoláirí
- Spriocanna aontaithe gach bliain don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú ag na leibhéil éagsúla
- Measúnú, lena n-áirítear measúnú ar an gcaint, in úsáid chun riachtanais fhoghlama na scoláirí a aithint agus grúpaí cumais mheasctha a eagrú sa chéad bhliain
- Pleanáil don fhoghlaim idirdhealaitheach sna ranganna cumais mheasctha

### Ábhair imní

- Gan dóthain pleanála bunaithe ar an siollabas agus ar na treoirlínte
- Gan dóthain aitheantais a bheith tugtha don teanga labhartha sa phleanáil
- An phleanáil i gcoitinne i bhformhór na scoileanna dírithe go hiomlán ar chur síos a dhéanamh ar an ábhar a bhí le teagasc

- An iomarca béime sa phleanáil ar nithe a bhí le múineadh seachas cothromaíocht pleanála idir an t-ábhar agus conas mar a tharlódh an teagasc agus an fhoghlaim
- Léiriú go raibh easpa spriocanna don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú i bhformhór na bpleananna
- An teagasc dírithe ar na scoláirí meán-chumais seachas idirdhealú déanta chun freastal ar na leibhéil éagsúla
- Measúnú ar an scríobh amháin do scoláirí a bhí ag teacht isteach sa chéad bhliain

### 3.2.4 Pleanáil do mhodheolaíochtaí

#### Comhtháthú na scileanna teanga

Déantar tagairt i líon beag de na tuairiscí don aird a dhírítear go sonrach sa phleanáil ar phríomhscileanna na teanga a theagasc ar bhealach comhtháite - an modh teagaisc is bisiúla a mholtar do mhúineadh na scileanna. Tá tagairt dhíreach don mhéid sin le léamh go soiléir sna treoirínte do mhúinteoirí a ghabhann leis an siollabas don Teastas Sóisearach:

In aon aonad múinteoireachta b'innholta na scileanna éagsúla teanga a fhorbairt i dteannta a chéile ... Tá na scileanna ar fad ag brath ar a chéile. (CNCM, lch.4)

Is é an cleachtas is fearr a mhol na cigirí ná go ndéanfaí téamaí a aithint sna topaicí a luaitear sa siollabas agus aonaid mhúinteoireachta a dhéanamh de na téamaí nó na topaicí sin. Mhol na cigirí do mhúinteoirí go ndéanfaí na ceithre phríomhscil a chleachtadh agus na téamaí nó na topaicí á gclúdach leis an rang. I gcuid den litríocht don chúrsa ardleibhéil moltar nasc a dhéanamh leis na téamaí agus na topaicí agus plé leis an litríocht mar chuid chomhtháite lárnach de na haonaid mhúinteoireachta. Chuideodh a leithéid de chur chuige le staidéar ar an litríocht a dhéanamh agus na scileanna teanga ar fad comhtháite.

#### Múineadh na gramadaí

Thuairisc na cigirí gurbh annamh a rinneadh cúram de mhúineadh na gramadaí sa phleanáil a breathnaíodh. Ba chóir, áfach, tagairt do mhúineadh na gramadaí mar aonad riachtanach sa phleanáil, agus na tagairtí a bheith ag teacht leis na spriocanna do na leibhéil éagsúla sa Ghaeilge. Is tábhachtaí fós a leithéid toisc gur gné shuntasach de mhúineadh na Gaeilge an ghramadach a ndéantar tagairt dó go rialta in imeacht ceachtanna.

Diríodh aird sna tuairiscí a bhain le scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge ar a innholta is atá treoir a chur ar scoláirí maidir le cruinnscríobh na Gaeilge de réir *An Chaighdeán Oifigiúil*, gan dochar dá saibhreas teanga sa

chaint. Aithnítear an dúshlán breise a bhíonn roimh mhúinteoirí na n-ábhar eile sna scoileanna sin an t-ardchaighdeán céanna i scríobh na Gaeilge a chleachtadh ina gcuid ábhar féin.

### Deachtú a chleachtadh

Ní raibh aon tagairt sna tuairiscí ar phleanáil agus ullmhúchán don deachtú a chleachtadh le scoláirí. Moltar go minic sna tuairiscí, áfach, míreanna gearra den deachtú a chleachtadh ó am go chéile, ar mhaithe leis na scileanna teanga a chomhtháthú go héifeachtach.

### Úsáid an aistriúcháin

Níor léiríodh i dtuairiscí na gcigirí go ndearnadh tagairt i ndoiciméid phleanála na scoileanna d'úsáid an aistriúcháin mar mhodheolaíocht. Tá sé mar chuspóir i siollabas Gaeilge an Teastais Shóisearaigh “go mbeidh scoláirí cleachta ar an meitheanga a ghabhann le hobair ranga agus leis an scrúdú sa chaoi is nach mbeidh gá le dul i dtuilleamaí an Bhéarla sa seomra ranga ná le linn scrúduithe.” (An Roinn Oideachias agus Eolaíochta, [1988], Ich.8). Réitíonn sé seo leis an gcur chuige a mholtar i dteagasc nuatheangacha eile, agus bheadh sé tairbheach dá ndéanfadh múinteoirí na Gaeilge agus múinteoirí teangacha eile polasaí scoile a aontú maidir le ról an aistriúcháin i dteagasc teanga.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Pleanáil agus ullmhúchán a chruthaíonn deiseanna do scoláirí an teanga a úsáid i ngníomhaíochtaí foghlama
- Pleanáil do chomhtháthú na scileanna teanga – éisteacht, labhairt, leitheoireacht agus scríbhneoireacht – i dtéamaí nó i dtopaicí
- Na modhanna teagaisc a úsáidfear pléite ag na múinteoirí agus léiriú tugtha orthu sna doiciméid phleanála
- Múineadh na gramadaí, úsáid an deachtaithe, agus na constaicí ar úsáid an aistriúcháin sa teagasc pléite (faoi nGaeilge agus faoi na nuatheangacha eile)

### Ábhair imní

- Pleanáil agus ullmhúchán a chruthaíonn an iomarca béime ar chaint an mhúinteora seachas na scoláirí a bheith ag úsáid na teanga
- Easpa phleanála ar mhaithe le comhtháthú na scileanna teanga a dheimhniú
- Gan aon tagairt sa phróiseas phleanála do na modheolaíochtaí a bheidh in úsáid
- Easpa plé agus phleanála ar ghnéithe ar nós múineadh na gramadaí agus conas an iomad aistriúcháin go Béarla a sheachaint



### 3.2.5 Pleanáil d'acmhainní teagaisc

#### Soláthar acmhainní

Moltar go minic i dtuairiscí na gcigirí go ndéanfaí pleanáil do sholáthar agus d'úsáid acmhainní closamhairc. Moladh go ndéanfaí acmhainní uile na roinne ábhar a chlárú, a chur in ionad lárnach sa scoil, agus a bheith ar fáil do na múinteoirí Gaeilge—go háirithe sa chás nach mbíonn seomra ranga faoi leith ag múinteoir (nó múinteoirí).

#### Acmhainní dílse

Ar na hacmhainní is fearr a chuideodh le míreanna den chaint nádúrtha bheo a chur os comhair na scoláirí tá míreanna dílse ó na meáin chraolta agus na meáin chló don Ghaeilge, mar shampla TG4, RTE, Raidió na Gaeltachta, raidió áitiúil le míreanna i nGaeilge, suímh ghréasáin, agus míreanna Gaeilge as na nuachtáin. Cé go bhféachann na téacsleabhair le freastal a dhéanamh ar na riachtanais sin, is teoranta an leas a bhíonn le baint astu, toisc nach fada a bhíonn ábhar téacsleabhair ag imeacht as dáta maidir le spéis na scoláirí i scéalta reatha.

Nuair a bhíonn acmhainní dílse á dtaifeadadh agus á mbailiú is fearr pleanáil go comhoibritheach chuige seo agus tascanna oibre a roinnt i measc na múinteoirí ionas nach mbíonn an obair chéanna ar bun faoi dhó. Tá sé fíor-

thábhachtach freisin an t-ábhar féin a bheith úrnua agus ag teacht le réimse taithí na scoláirí ar an saol. Mhol na cigirí go ndéanfaí na nithe seo a bhailiú go rialta, agus go bhfágfaí scóip freisin don obair phleanála. Luaitear an cur chuige seo i gceann de na tuairiscí:

Aithnítear an tagairt i bplean an dara bliain d'éagsúlacht ábhair a úsáid neamhspleách ar na téacsleabhair mar shampla físeáin, cluichí, tráth na gceist, ábhar éagsúil léitheoireachta.

Tá ábhar le fáil ar shuímh ghréasáin a bhaineann leis an nGaeilge a bheadh úsáideach anseo. Déantar moladh ina leith sin i mbeagnach leath de na tuairiscí, agus é molta go n-úsáidfí teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide san obair phleanála leis na ranganna sa tsraith shóisearach. Léiriú maith ar na moltaí éagsúla sin is ea an cur síos seo a leanas:

Go bhfaigheadh na múinteoirí Gaeilge oiliúint in úsáid theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) mar mheán teagaisc agus go ndéanfadh siad pleanáil ansin maidir le húsáid TFC sa rang Gaeilge.

#### Páipéir Scrúdaithe

Léiríonn na tuairiscí go ndéanann scoileanna pleanáil go cúramach chun a dheimhniú go mbíonn scoláirí ar an eolas maidir le riachtanais na bpáipéar scrúdaithe. Luadh mar aidhm sa phleanáil go mbeadh taithí chuí ag scoláirí ar leagan amach agus ar nádúr na gceisteanna ar na páipéir.

Ní léir ón obair phleanála cad í an úsáid a bhaintear as iarpháipéir scrúdaithe sa rang. Má bhaintear úsáid ró-luath as páipéir scrúdaithe i múineadh na Gaeilge le ranganna sóisearacha is é is dóichí gurb é an scrúdú—an scrúdú scríofa den chuid is mó—an aidhm agus an cuspóir a cheanglóidh na scoláirí le foghlaim na Gaeilge. Moltar riachtanais na bpáipéar scrúdaithe teistiméireachta a fhágáil as an áireamh go dtí go mbíonn fíorghá leo. Moltar chomh maith úsáid theoranta a bhaint as iarpháipéir scrúdaithe don chluastuiscint. Ní téacsanna dílse a bhíonn le cloisteáil ansin ach comhráite agus fógraí réamhullmhaithe a mbaineann saorgacht leo. Is é dearcadh na gcigirí go mb'fhearr go mór míreanna den chaint bheo, a taifeadadh ó na meáin chraolta, a chleachtadh leis na scoláirí chun an Ghaeilge a chur i láthair mar theanga bheo, agus an chumarsáid mar phríomhaidhm iontu, agus an rud is mó a thugann sásamh do na foghlaimeoirí.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Pleanáil do sholáthar agus d'úsáid acmhainní clúdaithe mar chuid den phróiseas pleanála
- Acmhainní dílse bailithe ón teilifís, ón raidió, ón idirlíon, agus ó na meáin eile agus curtha ar fáil le húsáid sna ceachtanna
- Réimse maith leabhar Gaeilge ar fáil i leabharlann na scoile
- Fáil a bheith ar acmhainní TFC don teagasc agus don fhoghlaim

### Ábhair inmí

- An iomarca úsáide á baint as na téacsleabhair mar phríomhacmhainn sa teagasc
- Easpa ábhar dílse teanga sna ceachtanna
- An iomad úsáide bainte as iarpháipéir scrúdaithe mar acmhainn teagaisc agus foghlama agus da réir sin an iomarca béime ar an scríbhneoireacht seachas ar an gcaint
- Dréachtaí in úsáid ó iarpháipéir scrúdaithe mar bhunús don chluastuiscint seachas acmhainní dílse teanga ar nós dréachtaí ón raidió, ón teilifís agus ón idirlíon

## 3.3 Monatóireacht agus athbhreithniú ar phlean na Gaeilge

Is dlúthchuid den phleanáil éifeachtach iad an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú. Mar sin féin ní dhearnadh tagairt shuntasach do dhea-chleachtas na féinmheastóireachta ach in dhá cheann de na tuairiscí cigireachta.

I dtuairisc amháin bhí cuntas le léamh ar an athbhreithniú a rinne roinn na Gaeilge ar bhuanna agus ar laigí imeachtaí roinn na Gaeilge. Mar chuid de sin bhí plean gnímh ar

aontaigh baill na roinne leis chun feabhas a bhaint amach i múineadh agus i dteagasc an ábhair—plean gearrthéarmach a raibh sé mar aidhm aontaithe ann labhairt na Gaeilge a chur chun cinn i measc na scoláirí. I dtuairisc eile bhí cuntas ar fhéinmheasúnacht a rinne múinteoir áirithe ar an obair a cuireadh i gcrích, mar aon le moltaí chun feabhais.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Monatóireacht agus athbhreithniú rialta agus leasuithe dá réir ar an bplean don Ghaeilge
- Soiléireacht sna pleananna gnímh bunaithe ar thorthaí na n-athbhreithnithe

### Ábhair imní

- Easpa léirithe sa phleanáil scoile ar mhonatóireacht rialta agus ar dhianscrúdú athbhreithnithe



# Caibidil 4

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

Ar an iomlán bhí an méid a scríobh na cigirí maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama ina ábhar misnigh. Cuireadh roinnt ábhar imní in iúl, afach, agus rinneadh roinnt moltaí ar mhaithe leis an dea-chleachtas a fhorbairt agus a chur chun cinn.

### 4.1 Atmaisféar an ranga

B'iad na tuairimí dearfacha ba mhó a léiríodh maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sna tuairiscí ná na tagairtí a rinneadh don atmaisféar dearfach sa seomra ranga. Léirigh na tuairiscí cigireachta an fhianaise a bhí le fáil go forleathan ar an meas a léirigh múinteoirí agus scoláirí ar a chéile. Seo a leanas roinnt samplaí dá raibh le rá sna tuairiscí ó cheann ceann na tíre:

Bhí atmaisféar dearfach foghlama le brath sna ranganna ar fad agus bhí flosc ar na scoláirí páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí an ranga—go háirithe an chaint—rud a bhfuil creidiúint mhór ag dul do na múinteoirí ina thaobh.

Tugadh faoi deara ins na ranganna ar fad ar tugadh cuairt orthu go raibh atmaisféar fáilteach oscailte idir na scoláirí agus na múinteoirí. Bhí caidreamh réidh ag na múinteoirí agus ag na scoláirí lena chéile. Chuir an méid seo go mór leis an gcomhoibriú a bhí le feiceáil i bpróiseas na foghlama agus an teagaisc a bhí ar bun.

I gcomparáid leis seo ba bheag tuairisc a chuir ábhar imní in iúl nó a rinne moltaí maidir le hatmaisféar an ranga. Seo mar a bhí le rá i dtuairisc amháin:

Bhí sé deacair, áfach, roinnt scoláirí a spreagadh agus moltar do na múinteoirí plé a dhéanamh ina measc féin d'fhonn straitéisí a cheapadh le déileáil leis na scoláirí drogallacha seo. Moltar freisin go dtabharfadh bainistíocht na scoile gach tacaíocht, cabhair agus comhairle do na múinteoirí ina leith seo go háirithe do mhúinteoirí nua sa scoil.

### 4.2 Modhanna múinte agus cur chuige sa teagasc

#### 4.2.1 Leagan amach an cheachta

Ar an iomlán léirigh tuairiscí na gcigirí go raibh soiléireacht sna haidhmeanna i bhformhór mór—breis agus 80%—de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhí cur síos dearfach i mbreis agus leath de na tuairiscí a léirigh gur cuireadh aidhm na gceachtanna in iúl do na scoláirí ag tús an cheachta. Seo mar a bhí le rá i dtuairisc amháin:

Bhain aidhm shoiléir le hábhar teagaisc na ranganna ar fad a breathnaíodh—aidhmeanna a cuireadh in iúl i dtús na ranganna.

Nuair a chuirtear aidhm an cheachta in iúl is léiriú é ar an obair a bheith ullmhaithe go maith agus na spriocanna atá le baint amach sa rang aitheanta go soiléir. Moltar go ndéanfaí aidhm an cheachta a chur in iúl do na scoláirí mar ghnathchleachtas ag tús gach ceachta, agus go ndéanfaí achoimre ag deireadh an cheachta ar an méid a bhíonn bainte amach. Seo mar a moladh i dtuairisc amháin:

Moltar nuair a bhíonn aidhmeanna na gceachtanna á gcur in iúl do na scoláirí, go ndéanfaí amhlaidh sa tslí is go dtuigfeadh na scoláirí cad a bheadh foghlamtha acu nó cad iad na feidhmeanna teanga a bheadh siadsan ábalta a chur i gcrích ag deireadh na ranganna. B'fhiú cúpla nóiméad a chaitheamh ag deireadh ranga ar achoimre ar a mbeadh foghlamtha.

Déantar tagairtí dearfacha i mbreis agus an tríú cuid de na tuairiscí maidir le struchtúr na gceachtanna agus an t-am cuí a chuirtear ar fáil do thascanna sna ceachtanna. Seo thíos ceann de na tuairimí samplacha sin:

Bhain caighdeán an-mhaith leis an réamhullmhúchán a bhí déanta do na ranganna a breathnaíodh. Bhí struchtúr an-mhaith leis na ranganna agus bhí dáileadh an ama ar na tascanna difriúla a bhí le déanamh ag na scoláirí mar ba chúil i dtromlach mór na ranganna.

I mbeagnach leath de na tuairiscí bhí na cigirí moltach i leith an leanúnachais a dheimhnigh na múinteoirí ón obair a bhí déanta cheana féin ag na scoláirí. Is léiriú iad na ráitis

mholtacha faoi struchtúr an cheachta agus faoi leanúnachas na foghlama ar ullmhúchán agus pleanáil chuí a bheith déanta, agus ar éifeachtacht múinteoirí agus iad ag plé leis na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. Moltar go ndéanfaí an dea-chleachtas seo a leathnú.

### 4.2.2 Úsáid na sprioctheanga

Ní mór an sprioctheanga a úsáid chun aidhmeanna an tsíollabais a bhaint amach.

Is é an bonn atá ag an gcur chuige cumarsáideach ná 'riachtanas' nó 'práinn' chun cumarsáid a dhéanamh. Admhaítear go bhfuil mórán scoláirí ann nach bhfeicfeadh gá ar bith le Gaeilge a fhoghlaim i ngeall ar an uireasa tacaíochta don teanga atá sa timpeallacht, ach is cosúil go bhféadfaí inspreagadh a thabhairt dóibh, sa ghearrthéarma ar a laghad, má chruthaítear riachtanas chun an teanga a úsáid chun gníomhaíochtaí céillí a bhrostaíonn a spéiseanna agus a samhlaíocht a chur i gcrích. (Ó Laoire, 2004).

Déantar tagairt sna tuairiscí ar fad don ghné lárnach seo de mhúineadh agus d'fhoghlaim na teanga. Toisc gurb í úsáid na teanga an bhunaidhm a aithnítear sa síollabas le múineadh na Gaeilge, is trína húsáid sa seomra ranga is fearr a thuigfidh scoláirí gur teanga í an Ghaeilge agus gur chun í a úsáid a dhéantar staidéar uirthi. (CNM, Ich.27). Ní cóir ach oiread úsáid na sprioctheanga mar ghnáthchleachtas a theoranú do

na scoláirí sin amháin a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu (mar shampla scoláirí ag tabhairt faoin ardleibhéal agus scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge). Cleachtas is ea é a dhéanann freastal cuí ar chumais agus ar riachtanais na n-aicmí eile foghlaimeoirí chomh maith: na scoláirí sin arb í an chumarsáid bhunúsach trí Ghaeilge an aidhm chuí dóibh sa teanga (bonnleibhéal), chomh maith céanna le scoláirí a bhfuil scileanna áirithe teanga go maith acu (gnáthleibhéal).

Bhí tagairtí i dtuairiscí na gcigirí don sprioctheanga a bheith in úsáid i mórchuid scoileanna, agus rinneadh a leithéid a mholadh, ach moladh chomh minic céanna nach mór go ndéanfaí an dea-chleachtas seo a leathnú. Seo roinnt samplaí de thagairtí dearfacha:

Tugadh faoi deara go raibh an sprioctheanga in úsáid i rith an ama leis na ranganna seo agus go raibh an chuma ar na scoláirí go raibh siad cleachta ar an gcur chuige seo agus ar a gcompord leis.

Rinneadh gach iarracht an Ghaeilge a úsáid mar mheán teagaisc agus mar ghnáth-theanga chumarsáide ranga, fiú sna ranganna is laige, agus tá an modh oibre seo inmholta.

Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar mheán teagaisc sna ranganna agus ba léir gurbh í seo an taithí a bhí ag na scoláirí i gcás formhór na ranganna. Bá í an Ghaeilge an ghnáth-theanga chumarsáide i gcuid de na ranganna agus léirigh na scoláirí é seo trí shoiléiriú a lorg i nGaeilge.

Ní i gcónaí a bhí an dea-chleachtas le feiceáil tríd síos sa scoil, go fiú sna scoileanna sin a raibh a gcleachtas le moladh. I measc na n-ábhar imní a léiríodh sna tuairiscí faoin ngné seo den teagasc bhí siad seo a leanas:

Bhí an sprioctheanga in úsáid mar mheán cumarsáide leis na scoláirí. Níor léir i gcónaí, áfach, gur thuig na scoláirí an treoir a cuireadh orthu sa mhéid is gur tháinig ceisteanna i mBéarla, ó am go chéile, ó na scoláirí nach raibh ag teacht le hiarrachtaí an mhúinteora an chaint a dhéanamh i nGaeilge.

Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar mheán teagaisc agus mar ghnáth-theanga chumarsáide sna ranganna ar fad seachas i gcás scoláirí aonair nach raibh ach fillte ón iasacht. Tá sé rí-thábhachtach a mheabhúrú áfach gur tríd an tumoideachas sa Ghaeilge agus nach le cabhair aistriúcháin is fearr a fhoghlaimíodh na scoláirí seo an teanga. (Scoil Ghaeltachta)

Moltar go leathnófaí an cleachtas an Ghaeilge a bheith in úsáid sna ranganna de bhrí go bhfuil na scoláirí ag brath go mór ar an ionchur teanga a bhíonn le fáil acu agus í in úsáid sa seomra ranga. Moltar leis go gcuirfí an teanga ranga a bhíonn de dhíth ar na scoláirí san áireamh agus pleanáil ar bun do mhúineadh an ábhair—i gcás na chéad bhliana go háirithe.

### 4.2.3 Úsáid an aistriúcháin

Mar a luadh cheana ní thacaíonn siollabas an Teastais Shóisearaigh le húsáid an Bhéarla le linn na gceachtanna agus na scrúduithe Gaeilge. Sa tríú cuid nó mar sin de na tuairiscí moladh na hiarrachtaí a rinneadh gan dul i dtuilleamaí an aistriúcháin sa rang.

Ar an iomlán rinne na múinteoirí iarrachtaí móra gan dul i muinín an aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus baineadh úsáid as réimse leathan seifteanna cliste le tuiscint scoláirí ar ábhar an cheachta agus ar bhuntreoracha ranga a chinntiú.

Léiríodh imní, áfach, sa mhéid céanna tuairiscí maidir leis an iomad úsáide a bheith á baint as an aistriúchán.

Tá leas áirithe le baint as obair aistriúcháin - chomh fada is go dtagann an méid sin sna sála ar thuiscint don ábhar seachas mar chéim thosaigh san fhoghlaim. Bhí níos an aistriúcháin á léiriú sna téacsleabhair a bhí in úsáid i ranganna áirithe agus bhí 'meaitseáil' le déanamh idir nathanna Gaeilge agus aistriúcháin Bhéarla orthu seo. B'fhiú obair den chineál seo ó na téacsleabhair a fhágáil ar lár. Ar an gcaoi chéanna, nuair a chuirtear ceist sa rang faoin mbrí a bhaineann le focail áirithe b'fhearr míniú a lorg i nGaeilge níos simplí ar dtús de rogha ar ghlacadh le haistriúchán go Béarla.

Braitheadh go ndeachthas i muinín an aistriúcháin i roinnt ranganna agus go raibh na treoracha ba shimplí á n-aistriú ó Ghaeilge go Béarla do dhaltáí a bhí go maith in ann iad a thuiscint i nGaeilge.

Ba léir go raibh níos mó béime ar an bhfoghlaim de ghlánmheabhair agus ar an aistriúchán ná ar úsáid na teanga chun críche fíorchumarsáide.

Mhol na cigirí nach mbeadh na scoláirí ag brath chomh mór ar an aistriúchán go Béarla. Ba é a dtuairim ná go mba chóir do mhúinteoirí díriú ar úsáid an aistriúcháin mar chuid dá

bplé ag cruinnithe pleanála ar na modhanna múinte is fearr a d'fhéadfaí a úsáid chun an Ghaeilge a mhúineadh.

Moltar áfach nach mbeadh na scoláirí ag brath chomh mór ar an aistriúchán go Béarla mar mhiniú ar fhocail. D'fhéadfaí straitéisí eile ar nós foclóirí a úsáid chun cabhrú leo ciall na bhfocal a thuiscint, go háirithe agus cumais agus stíleanna foghlama éagsúla le cur san áireamh.

Moltar do na múinteoirí [úsáid an aistriúcháin] a phlé ina measc féin, ag ceann de na cruinnithe pleanála, d'fhonn réimse seifteanna a cheapadh chun úsáid an aistriúcháin a sheachaint.

#### 4.2.4 An teagasc idirdhealaitheach

Ba léir do na cigirí an riachtanas i gcoitinne a bhí ann don idirdhealú breise sna modhanna teagaisc chun freastal ar riachtanais fhoghlama na scoláirí. Éilítear sna ranganna cumais mheasctha go háirithe go n-úsáidfeadh múinteoirí straitéisí idirdhealaitheacha le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na scoláirí, ach is gá teagasc idirdhealaitheach a úsáid sna ranganna ar fad. Ní mór riachtanais na scoláirí cumasacha a chur san áireamh chomh maith leis na scoláirí laga.

Tá tráchttaireacht dhearfach le léamh sa líon beag tagairtí a dhéantar don ábhar seo sna tuairiscí.



Scaipeadh ceistiúcháin ar na scoláirí (a bhain le mír de chlár teilifíse TG4 a bhí díreach feicthe acu sa rang). Bhí éagsúlacht le léamh ar na ceisteanna a rinne freastal ar chumais éagsúla sa rang—ceisteanna simplí nár iarr ach focal amháin mar fhreagra agus ceisteanna eile ina raibh gá le briathar sa fhreagra.

Cuireadh dúshlán maith roimh na scoláirí freagairt don ábhar léamhthuisceana sa téacsleabhar trí cheisteanna dea-roghnaithe a chur orthu a d'éiligh tuairim phearsanta. Cuireadh ceisteanna cui a bhí níos simplí ar dhaltaí eile.

I dtuairiscí eile, moladh do mhúinteoirí cur chuige de chineálacha éagsúla a úsáid chun freastal mar is cui ar riachtanais na scoláirí:

I gcás na ranganna cumais mheasctha b'fhiú ábhar idirdhealaitheach a úsáid chun freastal ar raon iomlán cumas na scoláirí agus nach mbeadh soláthar á dhéanamh ar na scoláirí ba laige ar fad amháin sa teagasc agus san fhoghlaim.

I gcás na ranganna ina bhfuil scoláirí le Gaeilge ar ardchaighdeán, mar shampla scoláirí ag teacht isteach sa chéad bhliain ó Ghaelscoileanna, moltar go dtabharfaí obair níos dúshlánaí dóibh agus go mbainfí úsáid as an múineadh idirdhealaitheach le freastal ar a riachtanais siúd ionas nach gcaillfidís a spéis san ábhar go hiomlán toisc iad a bheith i bhfad chun cinn ar scoláirí eile i dtaobh na Gaeilge.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Atmaisféar dearfach ranga
- Dúthracht na múinteoirí
- Ceachtanna struchtúrtha go maith, agus aidhmeanna na ngníomhaíochtaí foghlama curtha in iúl do na scoláirí
- An sprioctheanga in úsáid sna ceachtanna
- Gan an iomarca úsáide á baint as an aistriúchán (luaite sa tríú cuid de thuairiscí)
- Teagasc foirne in úsáid chun modheolaíochtaí a thástáil, a athbhreithniú agus a chur chun cinn

### Ábhair imní

- Gá feabhas a chur ar úsáid na sprioctheanga sna ceachtanna
- An sprioctheanga teoranta do ghníomhaíochtaí na scoláirí ardleibhéal
- An iomarca úsáide á baint as aistriúchán sna gníomhaíochtaí foghlama
- An iomarca béime á leagan ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus ar an aistriúchán seachas cumarsáid a chleachtadh

## 4.3 Ábhar an cheachta

### 4.3.1 Comhrá a chothú

De réir shiollabas an Teastais Shóisearaigh don Ghaeilge “ is é príomhghnó an mhúinteora ná ionchur oiriúnach den teanga a chur ar fáil (do na scoláirí) trí théacsleabhair, áiseanna closamhairc agus ábhair aiceanta agus na scoláirí a chur ag gníomhú trí mheán na Gaeilge a luaithe agus is féidir é.” (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988], lch.13). Tá cuntas dearfach ina leith sin le léamh i níos mó ná an tríú cuid de na tuairiscí. Sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge is cuid dhílis d’obair an ranga í sin i gcónaí; mar sin féin baineann na cuntais dhearfacha sna tuairiscí le scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán chomh maith céanna leis na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Mhol na cigirí go láidir go ndéanfai na dea-chleachtais seo a leathnú.

Áirítear na dea-chleachtais seo a leanas ar na príomhphointí dearfacha a luaitear sna tuairiscí:

Caitheadh tamall ag tús cheann de na ranganna ar chomhrá ginearálta. Tá an-mholadh ag dul don chur chuige seo de bhri go gcabhraíonn sé leis na scoláirí socrú síos agus tosú ag machnamh ar an nGaeilge agus trí mheán na Gaeilge chomh maith le dul siar ar ábhar a bhíonn déanta acu cheana féin.

Tugadh deis do na scoláirí ar an gcomhrá a chleachtadh ina mbeirteanna. Ba léir go raibh an-taithí ag na scoláirí ar an dea-chleachtas seo. I rang eile bhí ar na scoláirí ceisteanna a

chumadh is a fhreagairt faoin bhfile. Ag deireadh an ranga eagraíodh rólímirt ag barr an tseomra bunaithe ar an obair bheirte. Tá ardmholadh tuillte don chleachtas seo agus go háirithe don deis a tugadh do na scoláirí ar ní hamháin ceisteanna a fhreagairt ach ar iad a chumadh is a chur ar a chéile. (Scoil lán-Ghaeilge)

I dtuairiscí eile, áfach, léiríodh ábhair imní maidir leis na deiseanna teoranta a cuireadh ar fáil do chomhrá Gaeilge:

I gcásanna áirithe rinneadh an ghné seo [an comhrá] a fhorbairt go maith. I gcásanna eile bhí méid an chomhrá ina raibh na scoláirí páirteach teoranta—maidir le méid an ama a cuireadh ar fáil chuige agus le cáilíocht na bhfreagraí a bhí á lorg ó na scoláirí.

Tugadh tamall ag tús ranga ar chomhrá ginearálta i nGaeilge i gcúpla cás. Moltar go leathnófaí an cleachtas agus go mbeadh labhairt na Gaeilge mar ghnáthchuid de gach rang de bharr a thábhachtaí agus atá sé go mbeadh deiseanna ag na scoláirí ar ghnáthchomhrá a dhéanamh sa teanga chomh maith le hobair an ranga.

Chuir na cigirí comhairle ar fáil maidir leis na héagsúlachtaí a d’fhéadfaí a úsáid chun an comhrá a fhorbairt sna ceachtanna:

Moltar úsáid rialta a bhaint as obair bheirte, rólímirt agus drámaíocht sna ranganna le cinntiú go gcruthaítear neart deiseanna cumarsáide do scoláirí. Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar deiseanna do scoláirí ar úsáid fheidhmeach a bhaint as an méid atá foghlamtha acu sna ranganna Gaeilge.

Moltar go gcaithfí tamall ag tús an ranga ar chomhrá ginearálta a bhainfeadh le gnáthimeachtaí an lae nó ar ábhar inspéise na scoláirí mar a rinneadh i gcás amháin. Thabharfadh sé seo deis dóibh ar thosú ag machnamh ar an nGaeilge agus i nGaeilge chomh maith le cleachtadh ar an nGaeilge a labhairt, agus chabhródh sé seo le socrú síos don rang.

### Tréithe an dea-chleachtais

- A dheimhniú go mbíonn deiseanna rialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir agus i measc na scoláirí
- Obair bheirte, obairghrúpa agus rólímirt á gcur chun cinn
- Ceistiúchán in úsáid chun scoláirí a mhealladh lena dtuairimí a chur in iúl
- Gnáthchomhrá a mhealladh ag tús an ranga
- Glacadh le Gaeilge shimplí ar aon dul lena gcumas ó scoláirí
- Obair chomhrá san áireamh mar chuid den obair bhaile

### Ábhair imní

- Am teoranta á chaitheamh ar an gcomhrá
- An iomarca béime ar léitheoireacht ó théacsleabhair agus ar obair scríofa
- Gan aon chaint ó scoláirí ach chun ceisteanna an mhúinteora a fhreagairt
- Gan mórán deiseanna ag scoláirí a dtuairimí a chur in iúl
- An chaint ó bhéal ar thuiscint na léitheoireachta teoranta do cheisteanna sna téacsleabhair

### 4.3.2 Ceangal idir ábhar an cheachta agus saol na scoláirí

Moltar sna treoirínte a ghabhann le siollabas Gaeilge an Teastas Shóisearaigh nach mór i gcónaí “ gach iarracht a dhéanamh chun go mbeidh comhthéacs suimiúil nó réadúil le suímh chumarsáide na scoláirí.” (CNCM, lch.1). Luíonn sé le réasún gur mó an tsuim a chuirfidh scoláirí in imeachtaí ranga a bhfuil ceangal acu lena dtaithe féin ar an saol agus a spreagfaidh iad le páirt a ghlacadh nó le tuairim a chur in iúl. Is faoin múinteoir atá sé rogha chuí ábhair a dhéanamh, nó an t-ábhar a láimhseáil ar bhealach a spreagfaidh spéis na scoláirí. Tá tagairtí dearfacha don mhéid sin i mbreis agus leath de na tuairiscí.

Moltar go mór an bealach inar ceanglaíodh nithe áirithe as ceacht amháin le saol comhaimseartha na scoláirí féin.

Ceanglaíodh an t-ábhar seo go han-éifeachtach lena dtaithe féin - rud a spreag iad chun an Ghaeilge a labhairt agus chun a dtuairimí féin a chur in iúl.

Luaigh tuairiscí áirithe, áfach, go bhféadfaí iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun ábhar na gceachtanna a nascadh le himeachtaí agus topaicí reatha:

Níor léir, mar shampla, mórán spéise ag scoláirí (cailíní ar fad) san ábhar léamhthuisceana (a bhain le himeachtaí fir óig as Éirinn mar imreoir le cumann peile san Astráil). Cé go raibh cluiche peile idirnáisiúnta le himirt faoi cheann cúpla lá i bPáirc

an Chrócaigh, idir Éirinn agus an Astráil, ní dhearnadh tagairt ar bith don chluiche sin in imeacht an ranga. Níor tapáidh an deis ach oiread ar chomhrá a chur ar bun leis na scoláirí lasmuigh de na ceisteanna ar an sliocht léamhthuisceana sa téacsleabhar a fhreagairt.

Moltar a chinntiú go ndéantar é seo [ceangal a dhéanamh le saol comhaimseartha na scoláirí] sna ranganna go léir. Tá sé rí-thábhachtach ceisteanna a chur ar scoláirí faoina saol féin agus ábhar na gceachtanna a cheangal le rudaí a bhfuil spéis acu féin iontu. Cabhraíonn sé seo lena dtaithe ar an nGaeilge mar theanga bheo a leathnú agus a fhorbairt.

### 4.3.3 Comhtháthú na scileanna teanga

Bhí tagairtí dearfacha i mbeagnach leath de na tuairiscí don bhealach ina raibh comhtháthú á dhéanamh sna ceachtanna ar na scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Is fearr mar a d'éirigh leis seo nuair a rinneadh téama aonair nó topaic a iniúchadh trí na scileanna uile in aon cheacht amháin:

Bhain struchtúr maith leis na ranganna agus caitheadh méid cuí ama le gníomhaíochtaí ar leith. Bogadh ón léitheoireacht go dtí an scríbhneoireacht, agus go dtí an chluastuiscint i gcásanna áirithe, agus cleachtadh an chaint. Féachadh sa tslí sin leis na scileanna teanga éagsúla a chleachtadh in imeacht aon ranga amháin, cleachtas atá le moladh.

Réitíonn an cineál seo cleachtais le treoirilínte na múinteoirí a ghabhann le siollabas na Gaeilge don Teastas Sóisearach:

In aon aonad múinteoireachta b'ínmholta na scileanna éagsúla teanga a fhorbairt i dteannta a chéile. D'fhéadfaí, mar shampla, an t-ábhar a chur i láthair trí fhistéip a thaispeáint nó ábhar taifeadta a sheinm agus cleachtaí oiriúnacha a bhunú air sin. D'fhéadfaí comhrá ranga nó comhrá beirte a bhunú ar an ábhar céanna. Más mian leis an múinteoir píosa léitheoireachta bunaithe ar an ábhar céanna a dhéanamh ansin beidh cuid mhór den bhunfhoclóir ag na scoláirí sula dtosaíonn siad ar an léitheoireacht in aon chor. Is fearr an scríbhneoireacht a cheangal leis an ábhar céanna ionas nach mbeidh scoláirí ag léamh faoi thopaic amháin agus ag scríobh faoi cheann eile ar fad. Tá na scileanna ar fad ag brath ar a chéile agus is fearr iad a fhorbairt i dteannta a chéile. (CNM, lch.4)

Mhol na cigirí cur chuige comhtháite a úsáid leis na scileanna teanga á gcleachtadh seachas iad a chleachtadh go neamhspleách ar a chéile — ar nós, mar shampla, an comhrá a chleachtadh ar an Luan, an léitheoireacht ar an Máirt, an scríbhneoireacht ar an gCéadaoin, agus an éisteacht ar an Déardaoin, nó aon socrú eile níos measa ná sin, a dhéanfadh na scileanna teanga a dheighilt óna chéile. Sampla atá anseo de na gnáthmholtaí a bhí le feiceáil sna tuairiscí:

Comhtháthú na scileanna éagsúla teanga a chur mar aidhm, oiread agus is féidir, sa teagasc a dhéantar le rang.

Moltar go leanfaí ag snáth, trí théamaí suimiúla, na scileanna le chéile laistigh de rang amháin.

### 4.3.4 An ghramadach

Cé go leagann an siollabas béim ar fhorbairt líofachta na scoláirí, luaitear freisin “nach cóir failli a dhéanamh, áfach, ar phointí gramadaí agus b’fhéidir go gcaithfí iad seo a mhúineadh go foirmiúil ó am go chéile de réir a dtábhacht do na gníomhaíochtaí atá ar bun sa rang.” (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988], lch.13). Tá tagairtí dearfacha do mhúineadh na gramadaí le léamh i nach mór 40 % de na tuairiscí.

I bhformhór na gcásanna sníodh obair ar an ngramadach isteach san obair a bhí ar siúl sa rang. I gcásanna eile tugadh faoi ar bhealach níos foirmiúla.

Nuair a d’éirigh le scoláire an freagra “is fear dóiteáin é” a thabhairt ar cheist an mhúinteora, tugadh moladh suntasach ar fheabhas an fhreagra sin agus rinneadh an múnla gramadaí sin a chleachtadh leis an rang agus ansin le scoláirí aonair.

Luadh i roinnt tuairiscí nár tugadh aon aird ar bhotúin na scoláirí sa Ghaeilge agus moladh do mhúinteoirí na botúin a nótaíl agus teacht ar ais chucu ag deireadh na gceachtanna:

Bhí gné theoranta amháin den ghramadach i gceist ar feadh tréimhse iomlán ranga - athdhéanamh ar bhriathra san aimsir chaite.

Scaoileadh le mórbhotúin ar mhaithe le gan cur isteach a dhéanamh ar an gcur i láthair, rud a bhí intuigthe ag an am. Mar sin féin, fágadh gan aon cheartúchán a dhéanamh ar abairtí a raibh lochtanna bunúsacha iontu.

[Ag tagairt do chleachtadh ar an mbriathar saor i bhfoirm an aistriúcháin, gan comhthéacs feidhmeach a chur ar fáil dó.] B’fhearr go mór eiseamláir de théacsanna dílse a chur ar fáil ina raibh an saorbhriathar in úsáid agus ansin aird a tharraingt air mar ábhar gramadaí. D’fhéadfaí mír ghearr nuachta a thaifeadadh ina mbeadh samplaí maithe le cloisteáil go saoráideach, mar shampla “Dúnadh an mótarbhealach M1 de bharr timpiste,” nó “Maraíodh fear i dtimpiste.”

B’fhiú cuntas a bhreacadh go discréideach i rith an ranga ar phríomhphointí gramadaí—idir an mhaith agus an t-olc—agus filleadh orthu i ndeireadh an ranga le haird a tharraingt orthu.

B’fhiú tagairt go rialta don ghramadach ina míreanna gearra agus na scoláirí a thabhairt isteach ar chúrsa foirmiúil gramadaí le spriocanna cuí foghlama a bheadh bunaithe ar na leibhéil éagsúla. Maidir le scoláirí a bhfuil an Ghaeilge sealbhaithe go maith acu cheana féin d’fhéadfaí tagairtí a dhéanamh go rialta do riachtanais ghramadach na Gaeilge ar mhaithe le haird chuí a dhíriú ar chruinnscríobh agus ar chruinnlabhairt na teanga.

### 4.3.5 An fhoghraíocht

Ba é dearcadh na gcigirí go raibh gá le feabhas a chur ar fhorbairt na foghraíochta leis na scoláirí. Gné riachtanach de cheartfhuaimniú na bhfocal, den chluastuiscint, den chumarsáid i gcoitinne, agus de threoir do chruinnscríobh na teanga is ea an fhoghraíocht.

Thug na cigirí faoi deara nuair a bhí an dea-chleachtas i bhfeidhm gur ghríosáigh na múinteoirí na scoláirí ar bhealach dearfach chun tabhairt faoi chruinneas foghraíochta:

Rinneadh ceartúcháin mhaithe in áiteanna ar fhoghraíocht lochtach scoláirí ar bhealach nár chuir drochmhisneach ar na scoláirí.

Bhí foghraíocht na scoláirí go maith ar an iomlán, agus baineadh úsáid éifeachtach as an athrá i gcásanna áirithe le cinntiú go raibh scoláirí in ann focail agus abairtí nua a fhuaimniú i gceart.

I dtuairiscí áirithe rinne na cigirí moltaí ar leith i dtaobh an riachtanais a bhí ann feabhas a chur ar an ngné seo den ábhar:

Tá an obair seo [forbairt ar chruinneas foghraíochta] tábhachtach agus moltar go gcuirfí béim ar leith air i múineadh na ranganna sna blianta luatha sa tsraith shóisearach go háirithe ionas go mbeadh tuiscint níos fearr ag na scoláirí ar an ngaol idir an focal scríofa agus fuaim an fhocail.

### 4.3.6 Leathnú an stór focal

Léirigh na cigirí ina dtuairiscí an gá a bhí ann feabhas a chur ar shealbhú agus ar leathnú stór focal na scoláirí. I gcásanna áirithe thug siad a leithéid seo faoi deara:

Bhí forbairt fhoclóra ar siúl i ngach rang agus bhí fillteán ag na scoláirí ina raibh stór focal agus pointí gramadaí—céim thosaigh san fhoghlaim neamhspleách.

Mar sin féin, mhol siad go ndéanfaí iarrachtaí ar fhoclóir na scoláirí a leathnú trí théamaí a roghnú agus staidéar a dhéanamh orthu ar bhealach comhtháite, seachas liostaí focal a chur ar fáil chun iad a fhoghlaim de ghlanmheabhair, agus gan iad bainteach le húsáid reatha an tseomra ranga.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Nasc soiléir ag ábhar an cheachta le saol agus réimsí spéise na scoláirí
- Na scileanna teanga comhtháite go héifeachtach – cluastuiscint, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht á gcleachtadh i ngach ceacht
- Múineadh na gramadaí comhtháite go nádúrtha sna ceachtanna
- Aird tugtha ar bhotúin ghramadaí agus iad seo pléite níos déanaí sa cheacht nó i gceacht eile
- Foghraíocht chruinn á mealladh go sciliúil ar bhealach dearfach
- Staidéar ar théamaí comhtháite chun leathnú a dhéanamh ar an bhfoclóir

### Ábhair inmí

- Gan aon cheangal ag ábhar an cheachta le taithí agus ábhair spéise na scoláirí
- Na scileanna teanga á múineadh go neamhspleách ar a chéile – mar shampla i gceachtanna éagsúla ar laethanta éagsúla
- Dianobair déanta ar ghné amháin den ghramadach le linn an cheachta go léir
- Aistriúchán go Béarla chun tuiscint na scolairí ar an ngramadach a dhearbhu
- Neamhaird déanta den fhoghraíocht agus den ghramadach
- Liostaí foclóra curtha de ghlanmheabhair agus gan nasc cuí le ceartúsáid na bhfocal

## 4.4 Timpeallacht na foghlama agus acmhainní teagaisc

### 4.4.1 Timpeallacht spreagúil foghlama

Thuairisc na cigirí go raibh sé deacair timpeallacht foghlama a bhí tacúil le teagasc na Gaeilge a chruthú nuair a bhí ar na scoláirí agus na múinteoirí gluaiseacht ó sheomra go seomra i gcaitheamh an lae. San áit a raibh seomra ranga faoi chúram an mhúinteora bhí sé i bhfad níos éasca timpeallacht

spreagúil foghlama a chruthú don ábhar. Dúradh freisin gur ghá ar ndóigh na nithe a bhí ar taispeánt a athrú go rialta.

Maidir leis na seomraí ranga a bhí in úsáid don Ghaeilge bhí siad maisithe ar ardchaighdeán le fógraí agus le póstaer i nGaeilge a bhí tarraingteach agus spreagúil—fógraí reatha do dhrámaí Gaeilge mar chuid d'fhéile amharclainne ina measc.

Moltar go n-úsáidfí na ballaí sna seomraí ranga chun ábhar a bheadh tacúil agus spreagúil do mhúineadh agus d'fhoghlaim an ábhair a chur ar taispeánt orthu agus go gcuirfí leis na samplaí d'obair na scoláirí féin a bhí ar taispeánt.

Tugtar moladh suntasach in ocht gcinn de na tuairiscí do na deiseanna a bhí ag scoláirí a gcuid oibre a léiriú mar thaispeántas ar bhallaí an tseomra ranga. Tréaslaítear an deachleachtas sin leis na múinteoirí toisc gur chuidigh a leithéid le féinmheas na scoláirí a chothú. Is fusa an cúram sin a dhéanamh, ar ndóigh, i seomra atá faoi cheannas roinn na Gaeilge, ach is féidir freisin ballaí eile a úsáid mar ionaid léirithe.

### 4.4.2 Téacsanna dílse

Moltar sa siollabas agus i dtreoirínte na múinteoirí don Ghaeilge go mbainfí úsáid as téacsanna dílse do theagasc na Gaeilge agus do theagasc na nuatheangacha eile ar mhaithe leis an teanga a chur i láthair mar theanga bheo chumarsáideach.

Ba cheart, mar shampla, go ndéanfaí staidéar ar shleachta oiriúnacha a roghnófaí ó nuachtáin nó irisí ó am go chéile mar aon le piosaí a roghnófaí ó chláir oiriúnacha raidió nó teilifíse a bhainfeadh le gnáthchúrsaí an lae.1 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988], lch.5)

Moltar an oiread agus is féidir de théacsanna dílse a úsáid, i.e. téacsanna atá suimiúil iontu féin agus nach téacsanna a cumadh díreach chun pointí áirithe gramadaí a léiriú a bheadh iontu. (CNCM, lch.20).

In ainneoin na comhairle seo ní luaitear úsáid a bheith á baint as téacsanna dílse ach go fánach i dtuairiscí na gcigirí. Mar shampla, mhol na cigirí an dea-chleachtas mar ar baineadh úsáid as míreanna gairide ó na meáin chraolta de rogha ar mhír chluastuisceana mar a mbíonn an chaint réamhullmhaithe agus saorga.

Bhí sliocht dea-roghnaithe léamhthuisceana a baineadh den suíomh gréasáin [www.beo.ie](http://www.beo.ie) in úsáid a bhain le craoltóir aitheanta (a bhain le ceantar na scoile).

Baineadh úsáid as míreanna dea-roghnaithe de chláir a taifeadh ó TG4 leis na ranganna chéad bliana a bhain go dlúth le hobair a bhí ar bun leis na ranganna roimhe sin. Díriodh aird na scoláirí ar fhoclóir ar leith. Seinneadh mír den chlár gan aon chur isteach a dhéanamh ar an éisteacht. Ar ball scaipeadh ceistiúcháin ar na scoláirí a bhain leis an dá mhír de na cláir.

Bhí moltaí maidir le leathnú a dhéanamh ar an dea-chleachtas seo le léamh i roinnt tuairiscí:

B'fhiú míreanna den chaint bheo a thaifeadh ó na meáin chraolta Ghaeilge agus a úsáid sa rang. Chuirfeadh an méid sin éagsúlacht ar fáil do na scoláirí leis an teanga a chloisteáil á labhairt ag daoine eile seachas ag an múinteoir amháin. D'fhéadfaí chomh maith leas a bhaint as mír den sórt seo le deachtú a dhéanamh agus scileanna na héisteachta agus na scríbhneoireachta a chleachtadh le chéile. B'fhiú chomh maith léargas a thabhairt do na scoláirí ar mhéid na Gaeilge atá ar fáil ar an idirlíon agus suímh ghréasáin éagsúla a thaispeáint dóibh mar léiriú ar an nGaeilge sa saol comhaimseartha seachas mar theanga atá teoranta don téacsleabhar agus do pháipéir scrúdaithe amháin.

Moltar leis go n-úsáidfí téacsanna dílse ó na meáin chun feasacht na scoláirí ar na meáin éagsúla ina bhfuil an Ghaeilge ar fáil a fhorbairt.

#### 4.4.3 Téacsleabhair agus iarpháipéir scrúdaithe

Moltar éagsúlacht ábhair a chleachtadh ar mhaithe le húire agus le suim na scoláirí a uasmhéadú. Is i dtéacsanna dílse is fearr a thiocfaidh scoláirí isteach ar an teanga mar theanga bheo. Is í an fheidhm atá le páipéir scrúdaithe ná measúnú a dhéanamh ar éifeacht chleachtadh na scileanna teanga. Má bhíonn siad in úsáid go lárnach in obair na foghlama agus an



teagaisc cuireann siad isteach ar cheann de phríomhaidhmeanna an chúrsa - sealbhú teanga bheo chumarsáideach.

Mhol na cigirí go láidir sna tuairiscí nach mbainfí úsáid as iarpháipéir scrúdaithe go dtí go mbeadh a leithéid riachtanach amach is amach, agus go n-úsáidfí téacsanna dílse ina n-áit.

Moltar go láidir go seachnófaí iarpháipéir scrúdaithe mar théacsanna ranga go mbeadh fíor-ghá lena n-úsáid—mar chleachtadh don scrúdú féin mar shampla. B'fhearr go mór go mbainfí leas as téacsanna dílse—as *Foinse*, mar shampla—chun stór focal na scoláirí a shaibhriú.

### 4.4.4 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

Rinneadh tagairtí cheana do laghad úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i múineadh na Gaeilge. Ní raibh tagairt i dtuairiscí na gcigirí ach go fánach don úsáid a baineadh as TFC i dteagasc na Gaeilge.

Mar sin féin bhí samplaí áirithe de dhea-chleachtas úsáid TFC le fáil i dtuairiscí na gcigirí agus bhí sé le moladh iontu go ndéanfaí iarrachtaí ar an leas is fearr a bhaint as an teicneolaíocht nua ionas go bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo nua-aimseartha.

Baineadh an-leas as ríomhaire glúine chun na scoláirí a spreagadh chun cainte leis an múinteoir agus eatarthu féin. Trí threalamh teilgin cuireadh íomhánna gleoite ildathacha ar an mballa agus chuir na scoláirí suim sa cheacht ó thosach. Ina measc bhí pictiúir de laochra spóirt ar nós Paul O'Connell, Wayne Rooney, Pháidí Ó Sé, agus araile.

Tionóladh rang amháin chéad bliana sa seomra ríomhaireachta mar a raibh áiseanna den scoth ar fáil. Bhain réamhullmhúchán nár bheag leis an ábhar a réitíodh don teilgeoir sonraí—ábhar a bhain le laethanta na seachtaine, míonna na bliana, comhaireamh uimhreacha agus léamh an chloig. Ábhar tarraingteach a bhí san ábhar seo maidir le dathanna, le cló, agus le léaráidí. Tá an nuálaíocht seo in úsáid theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide mar thaca le múineadh na Gaeilge le moladh.

### 4.4.5 Foclóirí

Luaigh na cigirí gur foinse luachmhar tagartha iad foclóirí ar mhaithe le saibhriú stór focal, deimhniú ar chruinnlitriú, agus foghlaim neamhspleách a chur chun cinn. I dtuairisc amháin, mar shampla, luadh é seo:

B'fhiú foclóirí údarásacha a bheith ar fáil sa rang agus treoir a chur ar na scoláirí maidir le ceartúsáid na bhfoclóirí sin ar mhaithe le tuilleadh samplaí a thabhairt dóibh ar chruinnscriobh na Gaeilge.

Moltar go dtabharfaí deis do scoláirí tuiscint a fháil ar fhoclóirí leictreonacha—ar nós [www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie) agus [www.focal.ie](http://www.focal.ie) agus an dlúthdhiosca *WinGléacht* ar féidir a úsáid mar fhoclóir Gaeilge-Béarla agus mar fhoclóir Béarla-Gaeilge (Ó Dónaill) mar aon leis na gnáthfhoclóirí clóite.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Seomraí ranga faoi chúram na múinteoirí Gaeilge mar thaca le timpeallacht spreagthach foghlama a chruthú
- Téacsanna dílse agus acmhainní don obair ó bhéal in úsáid go forleathan
- Úsáid mhaith á baint as TFC
- Foclóirí traidisiúnta agus leictreonacha in úsáid mar chuidiú le leathnú foclóra agus leis an bhfoghlaim neamhspleách

### Ábhair imní

- An iomarca úsáide á baint as iarpháipéir scrúdaithe agus as téacsleabhair
- Easpa úsáid TFC sa bhfoghlaim agus sa teagasc

## 4.5 Cáilíocht na foghlama

### 4.5.1 Rannpháirtíocht na scoláirí sna gníomhaíochtaí foghlama

Tá tagairtí dearfacha le léamh i nach mór leath de thuiriscí na gcigirí ar léibhéal rannpháirtíochta na scoláirí sna ceachtanna. Is mó éifeacht a bhí ag baint le rannpháirtíocht na scoláirí nuair a bhain an múinteoir leas as réimse leathan stráitéisí teagaisc agus foghlama chun a dheimhniú go mbeadh na scoláirí lánpháirteach sna gníomhaíochtaí foghlama, agus nuair a rinneadh muinín na scoláirí ina bhfoghlaim féin a fhorbairt.

Bhí na scoláirí muiníneach agus lánsásta páirt ghníomhach a ghlacadh in obair na ranganna. Bhí réimse gníomhaíochtaí taitneamhacha leagtha amach le cur i gcrích i ngach rang agus braitheadh gur bhain idir scoláirí agus mhúinteoirí taitneamh as na ranganna. Tugadh suntas don obair dhiospóireachta a bhí ar siúl i gcás amháin, áit ar ghlac scoláirí páirt ghníomhach ar bhealach a léirigh a gcuid suime sa rang.

Bhí obair ar fónamh ar siúl sna grúpaí sin agus rólghlacadh ar bun acu. Cuireadh treoir an-soiléir ar an obair ghrúpa i dtús ama maidir leis an tasc a bhí le déanamh agus chabhraigh an múinteoir leis na grúpaí seo i rith an ama trí shuí isteach sna grúpaí éagsúla ar feadh tréimhse ghairid ag soláthar foclóra, ag spreagadh diospóireachta, agus ag éisteacht.

Os a choinne seo níor éirigh chomh maith le rannpháirtíocht na scoláirí nuair a bhí an iomarca béime ar chaint an mhúinteora:

Ar an iomlán bhí méid na cainte a rinneadh sna ranganna leataobhach go maith i bhfabhar an mhúinteora. B'fhiú machnamh a dhéanamh ar an éagothroime seo agus gach dícheall a dhéanamh le scoláirí a thabhairt isteach go gníomhach [in obair an ranga] agus ábhar a thabhairt mar obair bhaile mar thaca leis sin.

### 4.5.2 Cumas labhartha na scoláirí

Rinne na cigirí tagairt sa tríú cuid de na tuairiscí do chumas teoranta a bheith á léiriú sa chaint ag scoláirí - tagairtí a léiríonn an dúshlán a bhaineann leis an mbunaidhm seo de mhúineadh na teanga. Mhol na cigirí sna tuairiscí go ndéanfaí breis ama a chaitheamh le labhairt na Gaeilge a fhorbairt agus go ndéanfaí gach iarracht deiseanna cainte a chur ar fáil do na scoláirí.

Bhí na hiarrachtaí seo ar fad [ar obair chomhrá] le moladh ach tugadh faoi deara gur caitheadh méid ama an-teoranta leis an ngné seo den fhoghlaim i gcomparáid leis an méid a caitheadh ar an léitheoireacht ón téacsleabhar nó ar obair scríofa eile.

Braitheadh go raibh eolas maith ag scoláirí ar fhocail agus ar abairtí éagsúla ach nach raibh siad in ann iad a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla cumarsáide toisc nach raibh taithe acu ar a leithéid.

Moltar labhairt na Gaeilge a chur san áireamh san obair bhaile a thugtar do na scoláirí agus iarraidh orthu páirt ghníomhach a ghlacadh in obair chomhrá sa rang.

Is gá deiseanna cumarsáide a chruthú go rialta sna ranganna go léir. Chuirfeadh sé seo go mór le féinmhuinín scoláirí agus lena gcuid spéise i bhfoghlaim na teanga.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Scoláirí lán-pháirteach sna gníomhaíochtaí foghlama
- Misneach á thabhairt do scoláirí maidir lena bhfoghlaim

### Ábhair imní

- Laghdú ar rannpháirtíocht na scoláirí i ngeall ar an iomad cainte ón múinteoir
- Léiriú i thart ar an tríú cuid de thuairiscí go raibh cumas cainte na scoláirí teoranta



# Caibidil 5

Cáilíocht an mheasúnaithe

Ar an iomlán léiríodh tuairimí dearfacha i dtuairiscí na gcigirí faoi cháilíocht na gcleachtas measúnaithe sna scoileanna, ach tugadh suntas do réimsí ar leith ar gá feabhas a chur orthu.

### 5.1. Measúnú ar dhaltaí nua na chéad bhliana

Thuairisc na cigirí go raibh socruithe éagsúla i bhfeidhm i scoileanna chun measúnú a dhéanamh ar dhaltaí nua na chéad bhliana a bhí ar tí teacht chun na scoile. Ba iad na socruithe ba mhó a ndearnadh tagairt dóibh sna tuairiscí ná:

- scrúduithe measúnaithe scríofa chun riachtanais fhoghlama scoláirí a aithint ionas go bhféadfaí coibhneas cuí scoláirí le riachtanais ar leith a roinnt ar ranganna - is é sin le rá, ranganna cumais mheasctha a chruthú
- scrúduithe measúnaithe scríofa ar mhaithe le cumas na scoláirí sa Ghaeilge a aithint agus scoláirí a roinnt ar ranganna cothrom lena gcumas - is é sin le rá, cuidiú le ranganna a shruthú
- scrúduithe measúnaithe scríofa ar mhaithe le cumas na scoláirí sa Ghaeilge a aithint agus scoláirí a roinnt ar ranganna cothrom lena gcumas i mbandaí - is é sin le rá, bandáil ar ranganna, éagsúlacht ar shruthú

- gan scrúdú measúnaithe de chineál ar bith a chur ar scoláirí sa Ghaeilge ach na scoláirí a roinnt go cothrom ar ranganna - is é sin le rá, ranganna fánacha cumais mheasctha.

Sna scoileanna a thosaigh le ranganna cumais mheasctha bhí éagsúlachtaí san achar ama a chaith scoláirí sna ranganna seo. I gcásanna áirithe lean na ranganna cumais mheasctha go dtí an Nollaig sa chéad bhliain, nó go dtí deireadh na chéad bhliana, agus ina dhiaidh sin socraíodh na ranganna de réir na leibhéal éagsúil i scrúdú an Teastais Shóisearaigh. I gcásanna eile leanadh le ranganna cumais mheasctha go dtí deireadh an dara bliain. Is i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, den chuid is mó, a tuairiscíodh ranganna cumais mheasctha don tréimhse uile den tsraith shóisearach.

Is faoi na scoileanna atá sé cinntí a dhéanamh faoi na cleachtais éagsúla a úsáidfear chun cumais dhaltaí a mheas agus iad ag teacht chun na scoile, agus faoin tslí ina ndéanfar iad a ghrúpáil sna ranganna ina dhiaidh sin de réir mar a oireann do na cúinsí áitiúla. É sin ráite, is é moladh na gcigirí agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go n-úsáidfí ranganna cumais mheasctha, ar a laghad sa chéad bhliain, toisc go gcuideann a leithéid leis na míbhuntáistí a bhaineann

le sruthú a laghdú. Seo, mar shampla, a raibh le rá i gceann de thuiriscí na gcigirí:

Ní chuirtear scoláirí faoi scrúdú ag teacht chun na scoile dóibh sa chéad bhliain, agus dáiltear na scoláirí ar ranganna na chéad bhliana ar bhonn cumais mheasctha. I dtaobh na Gaeilge is sa tríú bliain a dhéantar na ranganna a roinnt go foirmiúil maidir le leibhéal an ábhair. Tugtar deiseanna réasúnta do dhaltáí sa chéad bhliain agus sa dara bliain ar an ardleibhéal a bhaint amach.

Is ábhar spéise freisin é go léiríonn taighde ar an eispéireas a bhíonn ag scoláirí na chéad bhliana i gcoitinne go bhfuil laghdú ag teacht ar an nós coitianta scoláirí a shruthú, agus go n-úsáideann formhór mór na scoileanna (70 %) ranganna cumais mheasctha sa chéad bhliain. (Smyth et al, 2004).

Léirigh na cigirí a n-imní nach raibh iarracht déanta ag aon cheann de na scoileanna a rinne measúnú ar scoláirí na chéad bhliana a bhí le teacht chun na scoile cumas labhartha na scoláirí sin a mheas. Leagtar béim láidir sa churaclam bunscoile do ranganna a cúig agus a sé, agus in aidhmeanna an tsiollabais Ghaeilge don tsraith shóisearach, ar chumas labhartha na teanga. I ngeall ar aidhmeanna na gcuraclam seo is léir go mba chóir d'aon mheasúnú ar scoláirí na chéad bhliana tabhairt faoi mheasúnú a dhéanamh freisin ar scoileanna cainte na scoláirí.

## 5.2 Cineálacha agus minicíocht an mheasúnaithe sa tsraith shóisearach

Is léir ón iliomad tagairtí sna tuairiscí go dtéann na scoláirí i dtaithe ar raon fairsing measúnaithe ó thús na chéad bhliana amach. Ar na cineálacha measúnaithe a bhí luaite sna tuairiscí bhí ceistiúchán ó bhéal sa rang; measúnú leanúnach nó measúnú ag deireadh téarma, go míosúil nó go seachtainiúil ar obair léamhthuisceana, chluastuisceana, cheapadóireachta, agus obair ó bhéal (a luadh i líon teoranta cásanna); trialacha ranga i ndeireadh gach aonaid oibre sa téacsleabhar; measúnú ar an obair bhaile; cleachtadh ar iarpháipéir scrúdaithe; scrúduithe foirmiúla tí; agus scrúduithe trialacha i ranganna bhliain na scrúduithe teistiméireachta. Is sampla an sliocht seo a leanas de mhórchuid de na tuairiscí ar chleachtais an mheasúnaithe:

Déantar measúnú ar obair na scoláirí trí cheistiúcháin sna ranganna, trí obair bhaile a thabhairt agus a cheartú, trí scrúduithe ag deireadh aonaid oibre agus scrúduithe tí. I gcásanna áirithe déantar measúnú leanúnach ar obair na scoláirí agus moltar an cur chuige seo.

### 5.3 Labhairt na Gaeilge sna scrúduithe tí agus sna scrúduithe teistiméireachta

Bá é easpa an mheasúnaithe ar scileanna labhartha scoláirí ba mhó a chruthaigh ábhar imní do na cigirí ag leibhéal na sraithe sóisearaigh, agus an difríocht a bhí mar thoradh air sin idir aidhmeanna an tsiollabais agus taithí na scoláirí.

Léirigh 65% de na tuairiscí nach raibh measúnú ar labhairt na Gaeilge mar chuid den obair mheasúnaithe a dhéantar le ranganna sa tsraith shóisearach. Níor léirigh ach 28% de na tuairiscí go raibh iarrachtaí ar bun chun labhairt na Gaeilge a mheas - agus níor chleachtas uilíoch é sna scoileanna sin. Bhí an 7% eile de na tuairiscí ina dtost faoin ngné seo den obair mheasúnaithe. Cé nach gcinntíonn measúnú ar an nGaeilge labhartha gur i bhfeabhas a rachaidh cumas na scoláirí i labhairt na Gaeilge, is é tuairim láidir na gcigirí mar sin féin go gcothaíonn an t-aitheantas a thugtar d'iarrachtaí na scoláirí sa chaint an fonn a bhíonn orthu an teanga a labhairt.

Sa mhionlach de scoileanna ina raibh measúnú ar an teanga labhartha á dhéanamh, mhol na cigirí na hiarrachtaí a rinneadh chun a dheimhniú go ndéanfaí na scileanna teanga uile a mheas:

Tugadh le fios go ndéantar measúnú rialta ar na scileanna teanga ar fad, an teanga labhartha san áireamh, agus tá an-mholadh ag dul dó seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh léargas á fháil ag na scoláirí ar a ndul chun cinn i dtaobh na scileanna difriúla agus a riachtanais fhoghlama. Tugadh faoi deara sna tuairiscí scoile a chuirtear abhaile go bhfuil áit faoi leith don teanga labhartha agus dúthracht na scoláirí ina leith. Arís tá an cleachtas seo inmholta.

I gcásanna áirithe tugadh faoi deara iarrachtaí eisceachtúla le háit lárnach a thabhairt do labhairt na teanga mar chuid de chóras measúnaithe na scoile:

I gcásanna áirithe cuirtear idir 10% agus 20% de na marcanna (sna scrúduithe tí) i leataobh do chumas líofachta na scoláirí sa teanga. B'fhiú an cur chuige seo a aontú sa tslí is go mbeadh cáilíocht na measúnachta ar aon chéim agus gurbh fhusa comparáid a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na scoláirí.

Níor tharla a leithéid de chleachtas ach i mionlach de na scoileanna. Ba í an chúis ba mhó a luadh leis na cigirí maidir le measúnú ar labhairt na Gaeilge a bheith in easnamh ar na ranganna sa tsraith shóisearach ná nach raibh béalscrúdú mar chuid de scrúdú an Teastas Shóisearaigh. Tá an béalscrúdú roghnach ar fáil mar chuid de scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh ó tháinig ann don scrúdú sin. Léiríonn taifid an scrúdaithe sin don bhliain 2005 nár chuir ach 3 scoil as an 75 scoil a luaitear sa tuarascáil seo iarrthóirí isteach ar an mbéalscrúdú roghnach sin. Ní raibh sna hiarrthóirí seo ach

mionlach d'iomlán na n-iarrthóirí in dhá scoil de na trí scoil sin. Ba lú ná 1% de mhór-iomlán na scoláirí, go náisiúnta, a thug faoin mbéalscrúdú roghnach sa Ghaeilge sa bhliain sin.

Bhí fianaise le fáil i gcuid de na tuairiscí a léirigh go raibh roinnt múinteoirí agus príomhoidí i bhfabhar measúnú foirmiúil a dhéanamh ar labhairt na Gaeilge i scrúdú an Teastais Shóisearaigh:

Tuigeadh ó na múinteoirí go bhfáilteodh siad roimh an mbéalscrúdú roghnach sa Ghaeilge i scrúdú an Teastais Shóisearaigh a bheith mar chuid lárnach den scrúdú sin chomh fada is a bheadh measúnóirí seachtracha i gceist.

Luaigh an príomhoide, go sonrach, gur dóigh léi go rachadh sé chun leasa an ábhair ach béim níos mó a chur ar scileanna cumarsáide agus creidiúint níos mó a thabhairt do na scileanna seo sna scrúduithe teistiméireachta. Luaigh sí an méid seo as na treochtaí atá tugtha faoi deara aici faoina n-éiríonn níos fearr le scoláirí na nuatheangacha Eorpacha a shealbhú *ab initio* mar theanga labhartha in imeacht sé bliana a gcuid scolaíochta dara leibhéal. Thagair sí don chodarsnacht a bhí le tabhairt faoi deara idir an dul chun cinn seo agus a theoranta is a éiríonn leis na scoláirí díograiseacha céanna an Ghaeilge a shealbhú mar theanga labhartha cé go mbíonn siad ag foghlaim na Gaeilge ó thosaigh siad amach sa bhunscoil. Mhol sí go leagfaí béim níos mó sa tsraith shóisearach agus shinsearach ar chúrsaí cumarsáide agus cluastuisceana.

Tuigeadh ón bpríomhoide go raibh sí go mór i bhfabhar an béalscrúdú roghnach a bheith ina chuid dhilis de scrúdú [Gaeilge] an Teastais Shóisearaigh.

Lasmuigh de riachtanais na scrúduithe teistiméireachta, mhol na cigirí ina dtuairiscí go ndéanfaí an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn mar uirlis éifeachtach inti féin i sealbhú na teanga. Ba mhinic a leithéid seo a bheith le léamh sna tuairiscí:

Moltar go ndéanfaí measúnú ar an teanga labhartha freisin. Is ceart go mbeadh sé soiléir do na scoláirí go bhfuil scileanna na teanga labhartha ar aon chéim leis na scileanna teanga eile. Is maith an rud é nuair a bhíonn léargas ar fáil ag na scoláirí ar a ndul chun cinn i dtaobh na scileanna teanga go léir agus ar a riachtanais fhoghlama dá bharr. Is é ab fhéarr a dhéanamh chun é seo a chur i gcrích ná trí bhreathnú is trí mheasúnú leanúnach sa seomra ranga agus ar fud na scoile.

Go hachomair, léiríonn tuairiscí na gcigirí nach bhfuil na cleachtas mheasúnaithe ag teacht le haidhmeanna an tsiollabais agus gur gá athrú bunúsach a dhéanamh má táthar le cur chun cinn na Gaeilge labhartha sa teagasc agus sa bhfoghlaim a bhaint amach.

Ní mór a bheith san airdeall áfach maidir le rud amháin. Ba é tuairim na gcigirí gur fánach an beart é measúnú ar labhairt na Gaeilge a bheith mar chuid lárnach den chóras measúnaithe



gan cumarsáid sa teanga a bheith á cleachtadh go rialta leis na scoláirí. An baol a bhainfeadh leis seo ná go ndéanfaí ullmhúchán do ghné an mheasúnaithe labhartha a bhunú ar réimse teoranta ábhar gar do thréimhse na trialach— cleachtas a mheastar a chuirfeadh an gnó ar fad ó mhaith.

## 5.4 Monatóireacht ar obair scríofa agus ar obair bhaile

Tá tráchttaireacht dhearfach den chuid is mó le léamh i dtuairiscí na gcigirí ar an monatóireacht ar obair scríofa na scoláirí, agus go háirithe ar an obair bhaile. Déantar trácht go minic ar pholasaí scoile obair bhaile a bheith i bhfeidhm sa scoil. Thagair siad go dearfach don mhéid obair bhaile a bhí á fháil ag na scoláirí, agus go raibh an obair bhaile ag teacht le riachtanais an tsíollabais agus leis an obair a bhí idir lámha sa rang. Tá a leithéid seo le léamh sna tuairiscí:

Tá polasaí obair bhaile sa scoil a threoraíonn do na múinteoirí obair bhaile a thabhairt, a cheartú, agus aiseolas a thabhairt do na scoláirí air.

Bhí an obair bhaile á ceartú le ceartúcháin chuidiúla. Tugadh aird i roinnt de na cóipleabhair ar na nótaí pearsanta a bhí ann mar threoir ón múinteoir a bhí i mbun na gceartúchán. Ba dheas le feiscint gur mhinic a luadh ainm an scoláire agus an nóta á scríobh. Tá an obair seo inmholta agus téann sé i bhfeidhm go mór ar na scoláirí.

Thagair na tuairiscí go rialta don úsáid éifeachtach a baineadh as dialanna na scoláirí leis an obair bhaile a chlárú agus mar mheán cumarsáide le tuismitheoirí maidir le monatóireacht ar an obair bhaile agus le heolas a thabhairt ar dhul chun cinn na scoláirí san ábhar.

Cé go bhfuil tráchttaireacht dhearfach i roinnt mhaith tuairiscí, bhí líon suntasach tuairiscí ann leis a mhol go mba chóir an dea-chleachtas a moladh a leathnú go dtí an fhoireann ar fad. Diríodh aird chomh maith ar a riachtanaí is atá sé do na scoláirí foghlaim ó na ceartúcháin:

Bhí obair na gcóipleabhar á ceartú agus bhí treoir le fáil ag na scoláirí ó na ceartúcháin i gcásanna. Moltar go leathnófaí an cleachtas treoir a thabhairt do na scoláirí sna ceartúcháin a dhéantar ar a gcuid oibre ionas go mbeadh a fhios acu cad a bhíonn déanta go maith nó i gceart acu agus conas is féidir leo feabhas a chur ar a gcuid oibre agus dul chun cinn níos fearr a dhéanamh. Chabhródh sé seo le tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh orthu féin mar fhoghlaimoirí agus ar na riachtanais fhoghlama a bhíonn acu ar bhonn aonair.

I gcásanna teoranta, áfach, dhirigh na cigirí aird ar na mór-éagsúlachtaí a bhí á gcleachtadh san aon scoil amháin, mar a léiríonn an dréacht seo a leanas:

Bhí éagsúlacht mhór idir caighdeán agus an réimse oibre a bhí sna cóipleabhair éagsúla. Moltar go láidir do mhúinteoirí plé a dhéanamh ina measc féin faoi oiriúnacht agus fiúntas an obair bhaile a thugtar do na ranganna éagsúla. Moltar freisin go

ndéanfaí plé ar chóras ceartúcháin chomónta a chinnteodh go bhfuil idir marc nó grád tugtha don obair agus tagairtí do dhul chun cinn an scoláire.

## 5.5 Scrúduithe trialacha tí comónta

Rinneadh tagairt don dea-chleachtas a bhain le scrúduithe trialacha tí comónta a bheith ar fáil do na leibhéil chéanna sa Ghaeilge.

Leagtar amach scrúduithe comónta do na ranganna a bhíonn ag tabhairt faoi na leibhéil chéanna i gcásanna. Malartaíonn na múinteoirí scrípteanna agus na ceartúcháin ar bun. Tá an-mholadh ag dul don chleachtas atá ag na múinteoirí i dtaobh leagan amach na bpáipéar scrúdaithe agus na gceartúcháin.

Ba léir do na cigirí gur chuidigh scrúduithe comónta le comparáidí réalaíocha a dhéanamh idir ghnóthachtálacha scoláirí i ranganna éagsúla agus go ndearna sé níos éasca é do scoláirí gluaiseacht ó rangleibhéal amháin go rangleibhéal eile, dá mba ghá. Ba léir do na cigirí gur chuidigh an comhaontú ar scrúduithe leis an gcomhphleanáil i measc na múinteoirí.

Leagtar scrúduithe comónta amach do na ranganna a bhíonn ag tabhairt faoin nGaeilge ag na leibhéil chéanna sa tríú bliain. Tá an-mholadh ag dul dó seo mar chur chuige agus ba cheart

go ndéanfaí amhlaidh i gcás na ranganna sna bliainghrúpaí eile, an chéad bhliain san áireamh. Chinnteodh sé seo go mbeadh an t-ábhar céanna clúdaithe ag na scoláirí sna ranganna éagsúla, rud a bheadh an-tábhachtach agus scoláirí á ndáileadh ar ranganna ag tús an dara bliain nó sa chás ina mbeadh orthu bogadh chuig rang eile sa dara nó sa tríú bliain.

## 5.6 Coinneáil na dtaifead measúnaithe

Rinneadh trácht sna tuairiscí ar fad nach mór ar fheabhas na dtaifead a bhíonn á gcoinneáil ag múinteoirí aonair, agus go lárnach mar chuid de thaifid na scoile, ar mheasúnú na scoláirí sa teanga. Ba mhínic a leithéid seo le léamh sna tuairiscí:

Coimeádann na múinteoirí cuntas ar thorthaí na dtrialacha leanúnacha agus cuirtear cóip ar fáil, chomh maith, do chomhordaitheoir an ábhair, a choimeádann comhad iomlán ar dhul chun cinn na scoláirí san ábhar.

I gcásanna eisceachtúla amháin a rinneadh moltaí maidir leis na taifid a fheabhsú. Rinneadh moltaí i gcásanna áirithe, áfach, maidir le leas níos fearr a bhaint as na taifid ar ghnóthachtálacha scoláirí aonair. Luadh go bhféadfaí torthaí an mheasúnaithe a úsáid mar phointe tagartha ar chaighdeán na scoláirí i gcoitinne san ábhar, mar bhonn comparáide leis

na meánfhigiúir náisiúnta san ábhar agus ar mhaithe le pleananna teagaisc agus spriocanna foghlama a athbhreithniú:

B'fhiú taifead ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe éagsúla a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna teagaisc is fearr a oireann do scoláirí áirithe. Sa chaoi sin bheadh feidhm leis na torthaí scrúdaithe - ní hamháin mar thaifead ar ghnóthachtáil san ábhar ach mar threoir le pleanáil don teagasc.

### 5.7 Tuairisceoireacht le tuismitheoirí

Luadh na socruithe don tuairisceoireacht le tuismitheoirí a bheith go sár-mhaith sna scoileanna trí chéile agus bhí ard-mholadh le léamh i dtuairiscí na gcigirí faoi seo.

#### Tréithe an dea-chleachtais

- Measúnú cuimsitheach ar scoláirí ag teacht isteach sa chéad bhliain ar a n-áirítear measúnú ar an gcumas labhartha
- Scoláirí roinnte ar ranganna cumais mheasctha bunaithe ar eolas cruinn ón measúnú
- Réimse leathan cur chuige don mheasúnú tríd an tsraith shóisearach
- Measúnú ar an teanga labhartha mar chuid inmheánach i ngach ceann de thrí bliana na sraithe sóisearaigh
- Scoláirí, le tacaíocht na scoile, ag glacadh leis an mbéaltríail roghnach i scrúdú an Teastais Shóisearaigh
- Monatóireacht chúramach ar obair scríofa agus ar obair bhaile
- Scrúduithe comónta tí a chuir an fhoireann teagaisc le chéile agus iad ag obair go comhoibritheach
- Taifid ar thorthaí an mheasúnaithe cláraithe go cúramach

#### Ábhair imní

- Scoláirí á sruthú, go háirithe sa chéad bhliain
- Measúnú ar na scoláirí bunaithe go príomha, nó go hiomlán, ar an léitheoireacht agus ar thascanna scríofa in ainneoin na béime ar an gcaint i gcuraclam na bunscoile agus i siollabas an Teastais Shóisearaigh (65% de thuairiscí)
- Níos lú ná 1% d'iarrthóirí ag glacadh leis an mbéaltríail roghnach i scrúdú an Teastais Shóisearaigh



# Caibidil 6

Achoimre ar na príomhchinntí agus na príomh-mholtaí

## 6.1 Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile

Bhain breithiúnas dearfach, den chuid ba mhó ar fad, le measúnú na gcigirí ar an soláthar a bhí á dhéanamh don Ghaeilge agus ar an tacaíocht scoile uile a bhí á cur ar fáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

### Am ar an gclár ama

#### Príomhchinntí

Chuir thart ar an triú cuid de scoileanna cúig thréimhse ar fáil sa tseachtain do mhúineadh na Gaeilge. Bhí an triú cuid eile a chuir ceithre thréimhse ar fáil i mbliain amháin agus cúig thréimhse sa dá bhliain eile, agus chuir an triú cuid eile arís ceithre thréimhse i ngach bliain ar fáil sa tsraith shóisearach.

#### Moladh

Is é an cleachtas is fearr ná cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil do gach bliain sa tsraith shóisearach.

### Fáil ag scoláirí ar an leibhéal cuí san ábhar

#### Príomhchinntí

Ar an iomlán bhí socruithe maithe i bhfeidhm maidir le fáil a bheith ag scoláirí ar leibhéal cuí san ábhar.

Ba iad na socruithe ba mhinice a bhí ag feidhmiú maidir le leibhéal an ábhair sna ranganna ná:

- ranganna cumais mheasctha sa chéad bhliain
- ranganna scartha de réir na leibhéal éagsúil do scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó thús an dara bliain, bunaithe ar thorthaí scrúduithe na chéad bhliana,
- ranganna cumais mheasctha i ngach ceann de na trí bliana sa tsraith shóisearach (go háirithe sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge).

#### Moltaí

Moltar do scoileanna feidhm a bhaint as ranganna cumais mheasctha i roinnt, nó i ngach bliain sa tsraith shóisearach, go háirithe sa chéad bhliain.

Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go mbíonn fáil ag scoláirí ar an leibhéal ábhair (bonnleibhéal, gnáthleibhéal, ardleibhéal) is fearr a oireann dá riachtanais.

Moltar do scoileanna ranganna a chur ar fáil ag an am céanna ar an tráthchlár chun deis a thabhairt do scoláirí fáil a bheith acu ar an leibhéal is fearr a oireann dóibh.

## Díolúine ón nGaeilge

### Príomhchinntí

Léiríodh cleachtais éagsúla a bheith ar fáil i scoileanna maidir leis na socruithe do scoláirí a raibh díolúine acu ón nGaeilge do na tréimhsí a bhí leagtha síos don Ghaeilge ar an gclár ama.

Thuairisc príomhoidí go raibh líon na ndíolúintí don Ghaeilge ag ardú de réir a chéile i ngeall ar na hiarratais bhreise dá leithéid.

Sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu agus a bhí ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla bhí thart ar 7½% de na scoláirí a raibh díolúine faighte acu ón nGaeilge.

### Moltaí

Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go gcuirtear díolúintí ar fáil de réir na gcoinníollacha atá luaite in imlitir chuí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Ba chóir deiseanna a thabhairt do na scoláirí a bhfuil díolúine acu ón nGaeilge páirt a ghlacadh sa rang Gaeilge, go háirithe scoláirí ó thíortha eile nó scoláirí a bhfuil teanga (nó teangacha) eile acu.

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe do scoláirí a bhfuil díolúine acu ón nGaeilge nuair a bhíonn an Ghaeilge ar thráthchlár na scoile, de réir mar a oireann d'acmhainní na scoile, ionas gur féidir an leas is fearr a bhaint as an am.

## Soláthar múinteoirí

### Príomhchinntí

Bhí éagsúlachtaí sna cleachtais maidir le múinteoirí a dháileadh ar na ranganna ag na leibhéil éagsúla agus sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach.

### Moltaí

Bíonn an cleachtas is fearr i bhfeidhm nuair a bhíonn aontú ar pholasaí scoile a thugann deiseanna cothrom do mhúinteoirí taithe a fháil ar mhúineadh na Gaeilge ag gach leibhéal.

## Seomraí ranga agus acmhainní chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim

### Príomhchinntí

Bhí fáil go héasca ar acmhainní teagaisc nuair a bhí seomraí ranga faoi chúram na múinteoirí Gaeilge agus chuidigh a leithéid le timpeallacht tharraingteach a chur ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim an ábhair.

Aithníodh freisin i dtuairiscí na gcigirí go raibh srianta ar scoileanna áirithe a d'fhág nach raibh deiseanna ró-mhaith acu seomraí ranganna a chur ar fáil faoi chúram na múinteoirí.

Bhí bainistíocht scoileanna sásta maoiniú a chur ar fáil d'acmhainní teagaisc (ar nós trealaimh fiseáin agus fuaimne, téacsanna dílse, cairteacha agus leabhair bhreise). Ar an iomlán, áfach, ní nós le múinteoirí Gaeilge iarratais d'acmhainní teagaisc a chur faoi bhráid na bainistíochta ar bhonn rialta ná aontaithe.

Bhí fáil ag roinnt scoileanna Gaeltachta ar theagascóirí seachtracha faoi scéimeanna pobail áirithe, agus tháinig siad seo chun na scoile ar mhaithe le Gaeilge labhartha na scoláirí a fheabhsú.

### Moltaí

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na seomraí ranga (agus na teanglanna) do mhúineadh na Gaeilge chun a dheimhniú go mbíonn fáil gan dua ar líon cuí acmhainní do theagasc na teanga. Ba chóir do scoileanna aird a thabhairt, más ann do na háiseanna, ar sheomraí ranga a chur ar fáil faoi chúram na múinteoirí Gaeilge.

Ba chóir clárú a dhéanamh ar liosta na n-acmhainní do theagasc na Gaeilge agus ba chóir go mbeadh baill uile roinn na Gaeilge sa scoil ar an eolas faoina bhfuil ar fáil.

Ag deireadh gach scoilbhliana ba chóir iarratas a chur faoi bhráid bhainistíocht na scoile maidir le hacmhainní teagaisc a athnuachan nó a cheannach as an nua.

## Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)

### Príomhchinntí

Ba rí-shoiléir ó na tuairiscí gur bheag úsáid a baineadh as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide do mhúineadh na Gaeilge ná sa phleanáil don Ghaeilge.

Go fiú sna cásanna teoranta nuair a bhí acmhainní TFC in úsáid ag múinteoirí, ní bhfuair na scoláirí deis teagmháil

dhíreach a bheith acu leis an teicneolaíocht, mar shampla chun ábhair i nGaeilge a aimsiú.

### Moltaí

Ba chóir a dheimhniú go mbíonn fáil ar acmhainní TFC do na ranganna Gaeilge mar chuid den phlean teagaisc don Ghaeilge.

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag múinteoirí oiliúint a fháil ar TFC a úsáid i dteagasc na Gaeilge.

## Forbairt ghairmiúil múinteoirí

### Príomhchinntí

Thagair tuairiscí na gcigirí don díomá a bhí ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí faoi ghanntanas, le blianta fada, na gcúrsaí inseirbhíse do mhodhanna teagaisc na Gaeilge mar chéad nó mar dhara teanga.

I dtuairiscí na gcigirí moladh na hiarrachtaí a rinne múinteoirí aonair teacht ar chúrsaí inseirbhíse, cé nach raibh ach mionlach múinteoirí i gceist leis na hiarrachtaí seo.

### Moltaí

Ba léir gur gá feabhas a chur ar sholáthar na gcúrsaí inseirbhíse do mhodhanna teagaisc na Gaeilge. Ó críochnaíodh an obair thaighde don tuarascáil seo, tá an tAire

Oideachais agus Eolaíochta tar éis faomhadh a thabhairt chun foireann speisialta a cheapadh faoi scáth Sheirbhís Tacaíochta an Dara Leibhéal (STDLE) chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí Gaeilge. Tá comhordaitheoir náisiúnta agus painéal d'oifigigh fhorbartha réigiúnacha ceaptha. Tá clár cuimsitheach tacaíochta pleanáilte agus táthar ag súil go gcuideoidh a leithéid le múinteoirí an ábhair chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ar an gcur chuige i leith modhanna teagaisc agus foghlama.

## Polasaí scoile uile don Ghaeilge

### Príomhchinntí

Bhí scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun tosaigh i ndréachtú pholasaí Gaeilge dá scoileanna ar mhaithe lena chinntiú gurb í an Ghaeilge a bhíonn chun tosaigh in imeachtaí scoile agus go mbíonn tacaíocht ar fáil di mar phríomhtheanga an phobail. Bhain na polasaí seo le halt 9(f) agus le halt 9(h) den *Acht Oideachais 1998*.

### Moltaí

D'fhéadfadh scoileanna ról lárnach a bheith acu maidir le dearcadh dearfach tacúil a chur chun cinn i leith na Gaeilge. Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go meallann siad, agus go mbíonn siad tacúil le, tuiscint ar thábhacht na teanga mar aon lena sealbhú agus lena húsáid go forleathan.



## Imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim

### Príomhchinntí

Bhí cur síos i thart ar an tríú cuid de na tuairiscí ar an sáróbair a bhí ar bun i scoileanna maidir le gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim.

I measc na ngníomhaíochtaí ba mhó a bhí mar ábhar suntais bhí na cuairteanna ar scoileanna ó scríbhneoirí Gaeilge agus ó phearsana áitiúla agus náisiúnta eile a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu.

## 6.2 Caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin

I bhformhór na dtuairiscí thagair na cigirí don dul chun cinn suntasach a bhí ag tarlú maidir le cur i bhfeidhm na pleanála don ábhar.

## An próiseas pleanála sna scoileanna

### Príomhchinntí

Thuairisc na cigirí go raibh forbairt ag teacht ar an bpleanáil chomhoibritheach don Ghaeilge i scoileanna, ach ba mhór na héagsúlachtaí a tugadh faoi deara sa chleachtas.

Bhí dea-thionchar ag an bpróiseas forbartha pleanála scoile ar na scoileanna.

Ba iad na cleachtais ba mhó a ndearnadh cur síos orthu i dtuairiscí na gcigirí ná meascán de phleanáil fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil don ábhar.

I líon suntasach tuairiscí (thart ar 29% den iomlán), tuairiscíodh an phleanáil a bheith teoranta do phleanáil aonair nó pleanáil theoranta chomhoibritheach.

Ba léir go raibh an-éagsúlachtaí sa mhéid ama a chuir bainistíocht scoileanna ar fáil do phleanáil don Ghaeilge.

### Moltaí

Ba chóir go mbeadh an phleanáil chomhoibritheach don Ghaeilge mar ghné chomhtháite de phleanáil na scoile don churaclam, agus ba chóir go mbeadh plean cuimsitheach ag gach scoil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna comhoibritheacha don Ghaeilge chun a dheimhniú go mbíonn gach múinteoir páirteach sa phróiseas.

Moltar go ndéanfadh bainistíocht na scoileanna na socrúithe cuí maidir le ham a chur ar fáil don phleanáil.

## An t-ábhar sa phlean scoile don Ghaeilge

### Príomhchinntí

I gcuid mhór den obair phleanála a breathnaíodh díriodh ar an ábhar a bhí le teagasc a ainmniú seachas tuairisc a thabhairt ar an mbealach ina gcuirfí an teagasc i gcrích—is é sin le rá, leagadh an bhéim ar céard a bhí le múineadh seachas conas a dhéanfaí an obair.

Ní raibh, ar an iomlán, spriocanna teagaisc, foghlama, ná measúnaithe le feiceáil sa phleanáil chomhoibritheach ná sna scéimeanna oibre.

Ní raibh tagairt déanta do mhúineadh na gramadaí ach anois is arís san obair phleanála a chonaic na cigirí.

Thuairisc na cigirí, ar an iomlán, nach ndearnadh cur síos sa phleanáil don mheasúnú ach ar mheasúnú a dhéanamh ar chumas scríofa scoláirí agus iad ag teacht isteach ón mbunscoil, agus arís sna trí bliana a bhain leis an tsraith shóisearach.

### Moltaí

Moltar go ndéanfadh scoileanna polasaí cuimsitheach don Ghaeilge a fhorbairt agus a phlé mar chuid den phróiseas forbartha ar phleanáil scoile.

Ba chóir go ndeanfaí cur síos san obair phleanála ar úsáid na Gaeilge go nádúrtha i ngnáthimeachtaí ranga, agus ar na deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chruthófar i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar ról cinnreachta a bheith ag scoláirí a d'fhreastail ar choláistí samhraidh, go háirithe acu siúd a bhí mar chinnirí nó mar chúntóirí.

Ba chóir go mbeadh an phleanáil chomhoibritheach don ábhar faoi thionchar an dá fhoilseachán *Siollabas don Teastas Sóisearach: Gaeilge* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, [1988]) agus *Gaeilge don Teastas Sóisearach: Treoirilnte do Mhúinteoirí* (CNCM).

Ba chóir go mbeadh cláir chomóna a dhéanann cur síos ar spriocanna aontaithe don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, bliain ar bhliain do na leibhéil éagsúla, mar chuid den phlean ábhair.

Ba chóir go leagfaí béim sa phleanáil agus san ullmhúchán ar cheann de phríomhaidhmeanna an tsíollabais: forbairt agus úsáid na teanga trí ghníomhaíochtaí ranga. Ba chóir, mar shampla, freastal a dhéanamh sa phleanáil ar obair ghrúpa, obair i mbeirteanna, rólímirt, agus an chomhfhreagairt d'ábhair dhílse ó na meáin.

Ba chóir don phleanáil agus don ullmhúchán aitheantas a thabhairt don athrú béime i ról an mhúinteora mar atá i gceist sa siollabas: is é atá i gceist de réir an tsiollabais ná go mbeadh an múinteoir mar bhainisteoir ar ghníomhaíochtaí foghlama seachas a bheith ina dháileoir eolais.

Ba chóir don phleanáil cúram a dhéanamh den bhfoghlaim idirdhealaitheach chun freastal ar riachtanais na scoláirí uile, ar a n-áirítear, iad siúd ar fhíorbheagán Gaeilge mar aon leo siúd a bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge. Ní leor ullmhúchán na múinteoireachta a dhíriú ar phointe meánchumais idir an dá ghrúpa seo.

Ba chóir do phlean an ábhair cur síos a dhéanamh ar na modhanna múinte a bheidh in úsáid. Dá réir sin ba chóir do mhúinteoirí feidhmeanna agus teorainneacha an aistriúcháin a aontú mar chleachtas cothrom le treoirlínte an tsiollabais. Moltar freisin úsáid an aistriúcháin a phlé le múinteoirí na nuatheangacha eile chomh maith, ar mhaithe le teacht ar chomhaontú ar pholasaí scoile i leith an aistriúcháin mar ghné de theagasc teanga.

Ba chóir tagairt a dhéanamh do mhúineadh na gramadaí—go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil—mar aonad riachtanach sa phleanáil do na leibhéil éagsúla. Ba chóir go gcuirfí scoláirí na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus scoláirí a

bhfuil tuiscint mhaith ar an nGaeilge sealbhaithe, nó á sealbhú acu, ar an eolas faoi riachtanas na cruinnscríbhneoireachta mar atá sa *Chaighdeán Oifigiúil*, ach aird á leiriú acu ag an am céanna ar shaibhreas na teanga labhartha.

B'fhiú dréachtaí beaga den deachtú a áireamh mar chuid de na gníomhaíochtaí foghlama ó am go ham chun cuidiú le comtháthú éifeachtach na scileanna teanga.

Ba chóir go ndéanfaí machnamh sa phleanáil ar na hacmhainní teagaisc a bheidh in úsáid agus conas mar is féidir le múinteoirí teacht go réidh orthu seo. Ba chóir go mbeadh ábhair clos-amhairc ó mheáin chraolta na Gaeilge mar chuid de na hacmhainní teagaisc mar aon le stoc leabhar Gaeilge a bheadh ar fáil mar ábhar breise léitheoireachta.

Ba chóir do phlean na Gaeilge tagairt d'úsáid chuí na dtéacsleabhar agus na bpáipéar scrúdaithe ar mhaithe le freagairt d'aidhmeanna an tsiollabais.

Moladh i mbeagnach leath de thuiriscí na gcigirí go n-áireofaí úsáid theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide mar chuid de phleanáil na sraithe sóisearaigh ionas go mbeidh deis ag scoláirí léargas a fháil, mar aon le taithí láimhe, ar úsáid na teanga sa teicneolaíocht nua-aimseartha.

## 6.3 Caighdeán an teagaisc agus na foghlama

Bhí tuairimí dearfacha ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc le fáil i dtuairiscí na gcigirí, ach ní mór a leithéid a léamh taobh leis na hábhair imní a léirigh na cigirí, agus na moltaí a bhí acu maidir le dea-chleachtas a leathnú agus a fhorbairt.

### Atmaisféar an ranga

#### Príomhchinntí

Bhí cur síos an-dearfach i dtuairiscí na gcigirí ar atmaisféar dearfach ranga, ar dhúthracht na múinteoirí agus ar an bhfianaise a bhí le fáil go forleathan i scoileanna ar fud na tíre ar an meas a léirigh scoláirí agus múinteoirí ar a chéile.

### Leagan amach na gceachtanna

#### Príomhchinntí

Bhí aidhmeanna na gceachtanna soiléir i níos mó ná 80% de na ceachtanna a breathnaíodh, agus i níos mó ná leath de na tuairiscí dúradh gur cuireadh aidhm an cheachta in iúl do na scoláirí ag tús an cheachta.

### Úsáid na sprioctheanga agus ró-úsáid an aistriúcháin a sheachaint

#### Príomhchinntí

Dearbhaítear dea-chleachtas i gcuid mhór tuairiscí maidir le húsáid na sprioctheanga. Moladh chomh minic céanna sna tuairiscí, áfach, go ndéanfaí an dea-chleachtas sin a leathnú. Bhí labhairt na Gaeilge mar dhlúthchuid d'obair an ranga Ghaeilge agus de shaol na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a breathnaíodh.

I thart ar an tríú cuid de na tuairiscí moladh cúram na múinteoirí mar ar tugadh faoi deara go ndearnadh iarrachtaí ar leith ar gan dul i dtuilleamaí an aistriúcháin sa rang. Bhí an líon céanna tuairiscí ann, áfach, a léirigh imní faoin iomad úsáide a bheith á baint as an aistriúchán.

I thart ar an tríú cuid de na tuairiscí moladh iarrachtaí na múinteoirí maidir le gan ró-úsáid a bhaint as an aistriúchán sna ranganna. Ach léiríodh ábhar imní sa tríú cuid eile de na tuairiscí maidir le múinteoirí a bheith ag baint an iomarca úsáide as an aistriúchán.

#### Moltaí

Tá úsáid na sprioctheanga sa teagasc agus sa bhfoghlaim riachtanach chun aidhmeanna cumarsáideacha an tsíollabais

Ghaeilge a bhaint amach. Cuidíonn úsáid na Gaeilge sa seomra ranga agus i ngníomhaíochtaí scoile le tuiscint a fhorbairt sna scoláirí ar an teanga mar uirlis éifeachtach cumarsáide seachas ábhar scoile nó scrúdaithe.

Ba chóir do scoileanna tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana féin maidir le húsáid na sprioctheanga sa teagasc agus sa bhfoghlaim.

Ba chóir do scoileanna laghdú suntasach a dhéanamh ar an iomarca úsáide a bhaint as an aistriúchán mar a tuairiscíodh i roinnt ranganna.

Ba chóir na hábhair imní maidir le húsáid an aistriúcháin i dteagasc na Gaeilge a phlé le múinteoirí na nuatheangacha ar mhaithe le polasáí scoile a aontú faoi úsáid an aistriúcháin mar ghné de theagasc teangacha.

### Teagasc idirdhealaitheach

#### Príomhchinntí

Léirigh na tuairiscí i gcoitinne go raibh gá le hidirdhealú breise a dhéanamh sa teagasc chun freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí.

#### Moltaí

Ba chóir do mhúinteoirí stráitéisí idirdhealaitheacha a úsáid chun freastal mar is cuí ar riachtanais fhoghlama na scoláirí uile.

Ba chóir aird a thabhairt sa phleanáil agus in eagrú na ngníomhaíochtaí foghlama ar riachtanais scoláirí níos laige agus freisin ar riachtanais scoláirí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu. Ba chóir, mar shampla, obair níos dúshlánaí a thabhairt do scoláirí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu ionas gur féidir leanúint lena spéis san ábhar a fhorbairt.

### Comhrá a chothú i ranganna

#### Príomhchinntí

Bhí cur síos i níos mó ná an tríú cuid de na tuairiscí ar dhea-chleachtas maidir le comhrá a chothú sna ranganna. Ba iad seo a leanas roinnt de na seifteanna a bhí in úsáid:

- ceisteanna dea-roghnaithe a d'éiligh ar na scoláirí dearcadh pearsanta a léiriú
- ceisteanna idirdhealaithe a bhí ag teacht le cumais éagsúla na scoláirí
- deiseanna cumarsáide a chruthú sa rang
- cumarsáid i mbeirteanna a chleachtadh
- gnáthréimsí comhrá a chleachtadh mar ghnáthnós ag tús an cheachta

I measc na gcleachtas a bhí mar ábhar imní bhí siad seo a leanas:

- ag brath an iomarca ar an aistriúchán le linn cainte sa rang
- na teoracha ba shimplí á n-aistriú go Béarla do scoláirí cumasacha
- litreacha á scríobh i gcóipleabhair agus aistriúchán i mBéarla taobh leo seo
- béim á leagan ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus ar an aistriúchán seachas cleachtas na cumarsáide
- gan na scoláirí a bheith ag caint i nGaeilge ach nuair a bhí siad ag freagairt ceisteanna an mhúinteora
- plé ó bhéal ar thuiscint na léitheoireachta teoranta do na ceisteanna sa téacsleabhar
- gan tagairt do thuairimí ná do réimsí taithí na scoláirí faoin ábhar a bhí léite agus gan aon deis ag na scoláirí a dtuairimí a léiriú.

### Moltaí

Ba chóir go mbeadh deiseanna rialta ag scoláirí comhrá a chleachtadh chun cur lena bhféinmhuinín agus an teanga á sealbhú acu.

Moltar go gcaithfeadh múinteoirí níos mó ama ar chothú an chomhrá agus go ndéanfaí gach iarracht deiseanna a chur ar fáil do scoláirí an Ghaeilge a labhairt sna ceachtanna.

Ba chóir do mhúinteoirí tascanna ar labhairt na Gaeilge a bheith mar chuid den obair bhaile a thugtar do scoláirí, chun iad a mhealladh le páirt a ghlacadh sna ranganna.

## Ceangal idir ábhar an cheachta agus saol na scoláirí

### Príomhchinntí

Bhí cur síos dearfach i níos mó ná leath de na tuairiscí ar an mbaint a bhí ag an gceacht le saol reatha na scoláirí, agus gur mhisnigh a leithéid na scoláirí chun iad féin a chur in iúl tríd an gcaint.

## Comhtháthú na scileanna teanga

### Príomhchinntí

Déantar cur síos go dearfach i mbeagnach leath de na tuairiscí ar na scileanna teanga a bheith á gcur i láthair ar bhealach comhtháite. Bhí moladh ar leith ag dul do na ceachtanna inar cleachtadh an scríbhneoireacht, an léitheoireacht, an labhairt agus an chluastuiscint in aon rang amháin.

### Moltaí

Ní chuidíonn cleachtais a dhéanann múineadh agus foghlaim na gceithre scileanna a dheighilt óna chéile le hinsealbhú teanga. Ba chóir cleachtas rialta ar rang iomlán a chaitheamh le haon scil amháin, mar shampla, a sheachaint.

Ba chóir téamaí na gceachtanna a roghnú ar bhealach a chuideodh leis na scileanna uile a fhorbairt faoin aon téama amháin, seachas iad a chleachtadh neamhspleách ar a chéile.

Ba chóir do mhúinteoirí tabhairt faoi shaibhriú a dhéanamh ar stór focal na scoláirí go téamúil, seachas iad a bheith ag cur liostaí de ghlanmheabhair nach mbíonn aon cheangal acu le hobair reatha an ranga.

## Múineadh na gramadaí

### Príomhchinntí

Rinneadh tagairt go dearfach i mbeagnach 40% de na tuairiscí do mhúineadh na gramadaí. Mhol na cigirí na hócáidí sin nuair a rinneadh múineadh na gramadaí a chomhtháthú ar bhealach nádúrtha sna ceachtanna.

Ábhar imní do na cigirí ba ea rang iomlán á chaitheamh le dianobair ar phointe gramadaí ar leith, nó nuair a glacadh le

haistriúchán go Béarla ó na scoláirí mar dhearbhu ar thuiscint ar an ngramadach.

### Moltaí

Ba chóir gníomhaíochtaí teanga a úsáid chun daingniú a dhéanamh ar struchtúir theanga agus ar nathanna cainte ionas go mbíonn múineadh na gramadaí ag tarlú i gcomhthéacs cuí.

Ba chóir aird na scoláirí (go háirithe scoláirí cumasacha) a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le cruinnscriobh na gramadaí.

## Foghraíocht

### Príomhchinntí

Is gné riachtanach de cheartfhuaimniú na bhfocal, den chluastuiscint agus den chumarsáid i gcoitinne í an fhoghraíocht, agus bíonn an fhoghraíocht mar threoir chomh maith do chruinnscriobh na Gaeilge. I dtuairiscí áirithe, rinneadh tagairt do shamplaí inar ceartaíodh an fhoghraíocht go sciliúil, gan laghmhisneach a chur ar na scoláirí.

### Moltaí

Ba chóir do mhúinteoirí béim a leagan ar chruinneas foghraíochta a fhorbairt, go háirithe i mblianta luatha na

sraithe sóisearaigh, ionas go mbeidh tuiscint níos fearr ag na scoláirí ar an ngaol atá idir an focal scríofa agus fuaim an fhocail.

## Acmhainní teagaisc

### Príomhchinntí

Ní raibh tagairt ach go fánach i dtuairiscí na gcigirí don úsáid á bhí á baint as téacsanna dílse.

Luaigh roinnt de na tuairiscí go raibh na téacsleabhair nó na hiarphaipéir scrúdaithe mar dhlúthchuid den fhoghlaim sa rang ar bhealach a bhí ag cur isteach, dar leis na cigirí, ar shealbhú na Gaeilge mar theanga bheo chumarsáideach.

Ní raibh tagairt ach go fánach i dtuairiscí na gcigirí don úsáid a bhí á baint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide sa teagasc agus sa bhfoghlaim.

Tugadh moladh suntasach i roinnt bheag de na tuairiscí maidir le hionchur a thabhairt do na scoláirí i dtimpeallacht na foghlama a chruthú ar bhallaí an tseomra ranga a léirigh obair na scoláirí féin san ábhar.

### Moltaí

Ba chóir do scoileanna téacsanna dílse a úsáid, ar a n-áirítear dréachtaí ó mheáin chumarsáide na Gaeilge, chun an teanga

a chur i láthair mar theanga bheo chumarsáide.

Ba chóir dréachtaí gairde ó mheáin chumarsáide na Gaeilge a úsáid leis na scoláirí, seachas úsáid a bhaint as gnéithe den chluastuiscint ó iarpháipéir scrúdaithe nó ó iarthascanna cluastuisceana.

Ba chóir úsáid na n-iarpháipéar scrúdaithe mar théacsanna ranga a sheachaint go dtí go mbíonn a leithéid lán-riachtanach.

Ba chóir do mhúinteoirí úsáid a bhaint as acmhainní eile seachas an iomad úsáide a bhaint as na téacsleabhair san obair ranga.

Ba chóir níos mó úsáide a bhaint as TFC i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do scoláirí breathnú ar an méid Gaeilge a bhíonn ar fáil ar shuímh ghréasáin idirlín mar leiriú ar an nGaeilge sa saol nua-aoiseach, seachas í a bheith mar theanga teoranta do théacsleabhair agus do phaipéir scrúdaithe. D'fhéadfaí TFC a úsáid chun teagmhálacha a bhunú le scoileanna eile agus le foghlaimeoirí Gaeilge.

Ba chóir scoláirí a threorú chun an úsáid cheart a bhaint as foclóirí, ar a n-áirítear foclóirí leictreonacha (ar nós



www.acmhainn.ie agus www.focal.ie agus an dlúthdhiosca *WinGléacht*), ionas go ndéantar a bhfreagracht maidir lena bhfoghlaím féin a fhorbairt.

### Rannpháirtíocht agus foghlaim na scoláirí

#### Príomhchinntí

Bhí tagairtí dearfacha le léamh i nach mór leath de thuiriscí na gcigirí ar léibhéal rannpháirtíochta na scoláirí sna ceachtanna. Tharla sé seo mar thoradh ar:

- réimsí gníomhaíochtaí taitneamhacha a bheith ar bun sna ranganna
- bileoga oibre agus acmhainní réamhullmhaithe eile in úsáid
- scoláirí a bheith gníomhach ina bhfoghlaím féin
- rólímirt, obair i mbeirteanna, obair dhíospóireachta
- scoláirí ag glacadh freagrachta as a bhfoghlaím féin.

Léirigh na cigirí a n-imní maidir le leibhéil rannpháirtíochta na scoláirí sna ceachtanna ina raibh:

- an iomad den chaint sa rang ag teacht ón múinteoir
- tascanna ranga a bheith ró-theoranta
- an iomad béime á leagan ar úsáid na dtéacsleabhar.

I roinnt tuairiscí, ba chúis imní do chigirí go raibh an t-am a caitheadh ar obair an chomhrá an-teoranta i gcomparáid leis an méid ama a caitheadh ar an léamh ó théacsleabhair nó ar obair scríofa de chineál éigin.

Rinneadh tagairt sa tríú cuid de na tuairiscí do chumas teoranta sa chaint a bheith á léiriú ag scoláirí.

#### Moltaí

Ba chóir deiseanna a chruthú sna ceachtanna Gaeilge don fhoghlaím ghníomhach.

Moltar go leagfaí níos mó freagrachta ar scoláirí dá bhfoghlaím féin, go mbeadh deiseanna acu chun an chaint a chleachtadh ina measc féin, agus go háirithe chun ceisteanna a chleachtadh.

Ba chóir an bhéim aontaobhach, ina mbíonn an múinteoir ag caint den chuid is mó sa rang, a sheachaint.

### Buíontegasc agus forbairt ghairmiúil eile

#### Príomhchinntí

Luadh i líon teoranta tuairiscí go raibh comtheagasc ar bun ag múinteoirí i roinnt ranganna chun modheolaíochtaí a

thastáil, a athbheithniú agus a fhorbairt. Mhol na cigirí a leithéid de chleachtas mar bhealach le feabhas a chur ar chaighdeán ghairmiúla teagaisc.

### Moltaí

Bhí na cigirí den tuairim go mb'fhiú go mór do mhúinteoirí an saineolas gairmiúil a bhíonn acu ar theanga a mhúineadh a roinnt ar a chéile, agus mhol siad go mba chóir breathnú ar na deiseanna go háitiúil ina bhféadfaí tabhairt faoi seo.

Thagair cigirí freisin do na deiseanna a bheadh ann do mhúinteoirí an fhreagracht do na scileanna teanga éagsúla a roinnt, sa rang céanna, ach na ranganna sin a bheith ar thráthchlár na scoile ag an am céanna.

## 6.4 Caighdeán an mheasúnaithe

Ba é an rud ba mhó suntais a thug na cigirí faoi deara, agus an réimse ina raibh an líon ba mhó moltaí ag teacht uathu, ná san easpa measúnaithe a bhí á dhéanamh ar chumas labhartha na scoláirí. Bhí cigirí moltach, i gcoitinne, faoi ghnéithe eile an mheasúnaithe, cé go ndearna siad mór-mholtaí maidir le feabhas a chur ar réimsí áirithe.

## Measúnú ar na scileanna labhartha

### Príomhchinntí

Thuairisc na cigirí gur scrúduithe measúnaithe scríofa amháin a bhí in úsáid chun riachtanais fhoghlama na scoláirí a bhí ag teacht isteach sa chéad bhliain a mheas agus chun cuidiú le múinteoirí pleanáil dá riachtanais.

I bhformhór mór na dtuairiscí bhí sé le rá nach raibh measúnú ar labhairt na Gaeilge mar chuid den mheasúnú a rinneadh le ranganna na sraithe sóisearaigh.

Ba í an chúis ba mhó a tugadh mar mhíniú do chigirí ar gan measúnú a dhéanamh ar an gcaint sna scrúduithe tí ná nach raibh a leithéid de mheasúnú ar na scileanna labhartha mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Rinneadh measúnú, cé go raibh a leithéid teoranta, ar an gcumas labhartha i 21 scoil as an 75 a bhí mar mhor-iomlán.

I 2005 ní raibh ach 3 scoil as an 75 scoil (4%) a ndearnadh cigireacht orthu a chuir iarratais isteach ar an mbéalscrúdú roghnach a bhíonn ar fáil mar chuid de scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.

Bhí sé le tuiscint ó roinnt múinteoirí agus príomhoidí go bhfáilteoidís roimh bhéalscrúdú a bheith mar dhlúthchuid de scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.

### Moltaí

Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar chuspóirí an mheasúnaithe a úsáidtear do scoláirí a bhíonn ag teacht isteach sa chéad bhliain. Ba chóir go mbeadh a leithéid de mheasúnú faoi threoir ag a bhfuil leagtha amach i *gCuraclam na Bunscoile*. I ngeall ar an mbéim a leagtar ar an gcaint i bhfoghlaim na ndaltaí sa bhunscoil, agus freisin i siollabas an Teastais Shóisearaigh, ba chóir go mbeadh measúnú ar scileanna labhartha mar chuid den mheasúnú ar na scoláirí a bhíonn ag tosú sa chéad bhliain.

Ba chóir go mbeadh measúnú ar na scileanna labhartha mar dhlúthchuid de chleachtas an mheasúnaithe do ranganna uile na sraithe sóisearaigh. Lasmuigh de na riachtanais a bhaineann le scrúdú an Teastais Shóisearaigh, is cuid riachtanach den insealbhú teanga í an fhorbairt ar na scileanna labhartha agus ba chóir suntas a thabhairt dá leithéid sna measúnuithe ar an gcaint agus iad seo a bheith bunaithe ar réimse leathan topaicí a bhaineann le saol an scoláire.

D'fhéadfadh go gcuideodh na moltaí ar fhorbairt agus ar mheasúnú teangacha atá luaite i bhfoilseachán an CNCM *Teangacha sa Churaclam Iar-Bhunoideachais* (Little, 2003, lch.28-34 agus lch. 37-42) le scoileanna nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh acu ar mheasúnú.

## Gnéithe eile den mheasúnú

### Príomhchinntí

Bhí tráchttaireacht dhearfach, den chuid ba mhó, i dtuairiscí na gcigirí ar an gceartú a rinneadh ar an obair bhaile, ar obair scríofa sna cóipleabhair, agus ar an treoir mhúnlaitheach a bhí ar fáil do na scoláirí.

Thagair na cigirí go dearfach don mhéid obair bhaile a tugadh agus do cháilíocht na hoibre sin, agus do dhúthracht na scoláirí mar ba léir ó na cóipleabhair. Luadh an dea-chleachtas a bhain le scrúduithe comónta tí a reáchtáil ag na leibhéil céanna san ábhar. Luaigh na cigirí gur chuidigh a leithéid le comparáidí bailí a dhéanamh idir ghnóthachtálacha scoláirí i ranganna éagsúla agus go ndearna sé níos éasca é do scoláirí gluaiseacht ó rangleibhéal amháin go rangleibhéal eile, dá mba ghá.

Luadh na socrúithe don tuairisceoireacht le tuismitheoirí a bheith go sár-mhaith sna scoileanna trí chéile agus bhí ardmholadh le léamh i dtuairiscí na gcigirí faoi seo.

### Moltaí

Tá sé tábhachtach go gcuirfí scoláirí ar an eolas maidir lena ndul chun cinn sna scileanna teanga go léir, agus maidir lena riachtanais fhoghlama.

Ba chóir go mbeadh treoir ar fáil do scolairí sna ceartúcháin ar a gcuid oibre ionas go mbeidh a fhios acu nuair a éiríonn go maith leo agus conas mar is féidir leo a gcuid oibre a fheabhsú agus dul chun cinn níos fearr a dhéanamh. Ní mór an dea-chleachtas seo a leathnú. Chuideodh a leithéid le tuiscint níos fearr a thabhairt do scoláirí orthu féin mar fhoghlaimoirí agus tuiscint níos fearr a thabhairt ar riachtanais fhoghlama scoláirí ar leith.

Ba chóir leathnú a dhéanamh ar an gcleachtas atá ann cheana féin maidir le haontú ar scrúduithe tí comónta do na ranganna atá ag plé leis an nGaeilge ag na leibhéil chéanna.

Ba chóir do scoileanna anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na rátaí rannpháirtíochta ag na leibhéil éagsúla san ábhar agus ar ghnóthachtálacha na scoláirí i scrúdú an Teastais Shóisearaigh. B'fhiú cóip den anailís sin a chur ar fáil do bhaill

roinn na Gaeilge. B'fhiú, freisin, an t-eolas sin a chur san áireamh mar phointe tagartha agus mar threoir don phleanáil chomhoibritheach agus don athbhreithniú ar na scileanna teagaisc agus foghlama.





# Aguisín

## Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2003-2006

Tá léiriú tugtha thíos ar líon agus ar chéatadán na n-iarrthóirí a rinne scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa Bhéarla agus sa Ghaeilge sna blianta 2003-2006. Tugtar léiriú sa líne dheireanach, faoin bhfocal “ bearna ” ar an difríocht idir líon na scoláirí a rinne an scrúdú Béarla agus an líon a rinne an scrúdú Gaeilge. Féach Caibidil 2, alt 2.3 don phlé ar na staitisticí seo.

### Béarla

	2003	2004	2005	2006
Ardleibhéal	37,023 (63%)	35,593 (63.5%)	36,172 (65%)	37,145 (65%)
Gnáthleibhéal	19,072 (32.5%)	18,087 (32%)	17,551 (31%)	17,716 (31%)
Bonnleibhéal	2,621 (4.5%)	2,537 (4.5%)	2,302 (4%)	2,264 (4%)
Iomlán	58,716	56,217	56,025	57,125

### Gaeilge

	2003	2004	2005	2006
Ardleibhéal	22,136 (41%)	21,072 (41.5%)	21,736 (43%)	21,953 (43%)
Gnáthleibhéal	26,977 (50%)	25,752 (50.5%)	24,990 (50%)	25,440 (50%)
Bonnleibhéal	4,866 (9%)	4,181 (8%)	3,592 (7%)	3,478 (7%)
Iomlán	53,979	51,005	50,318	50,871
Bearna	4,737 (8%)	5,212 (9%)	5,707 (10%)	6,254 (11%)



# Tagairtí



## Tagairtí

An Chigireacht (Gan dáta, [2002]). *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Chigireacht (2004). *Treoir do Chigireacht Ábhair ag an Dara Leibhéal*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Gan dáta, [1989]). *Gaeilge don Teastas Sóisearach: Treorlíní do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Gan dáta, [1988]). *Siollabas don Teastas Sóisearach: Gaeilge* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1994). *Imlitir M10/94: Athbhreithniú ar Riail 46 de "Rialacha agus Clár na Meánscoileanna" maidir leis an díolúine ón nGaeilge*. Suiomh gréasáin na Roinne, [www.education.ie](http://www.education.ie).

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *An Curaclam Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004). *Rules and Programme for Secondary Schools 2004-05*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2007). *Junior Certificate Examination Statistics 2003-2006*. Eolas ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin ar 10ú Deireadh Fómhair 2007.

Little, David (2003). *Teangacha sa Churaclam Iarbhunoideachais*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Ó Laoire, Muiris (2004). "Teanga sa Churaclam: An Bord Curaclaim agus Measúnachta" in Ó Laoire, Muiris. (2004). *Siollabais Chumarsáide na Gaeilge*. An Aimsir Óg, Páipéar Ócáideach 5, 2004.

Rialtas na hÉireann (1998). *An tAcht Oideachais, 1998*.

Smyth, E., McCoy, S., agus Darmody, M. (2004). *Moving Up: The Experiences of First-Year Students in Post-primary Education*. Baile Átha Cliath: ESRI.

## Suímh ghréasáin úsáideacha

Tá liosta samplach thíos de shuímh ghréasáin a bhaineann le gnóthaí oideachais agus Gaeilge. Tá naisc le fáil ar mhórchuid de na suímh seo chuig suímh eile.

### Earnáil an oideachais

[www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie)

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

[www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

[www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

[www.sdpi.ie](http://www.sdpi.ie)

Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile (Féach “Ábhar acmhainne”)

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

[www.slss.ie](http://www.slss.ie)

An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal

[www.comhar.ie](http://www.comhar.ie)

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

### Foclóirí leictreonacha

[www.focal.ie](http://www.focal.ie)

Foclóir leictreonach Gaeilge-Béarla agus Béarla-Gaeilge

[www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie)

Sainfhoclóirí in ábhair éagsúla

### Meáin chraolta

[www.tg4.ie](http://www.tg4.ie)

TG4

[www.tg4.ie/Dram/dram.htm](http://www.tg4.ie/Dram/dram.htm)

Ceachtanna ranga le híoslódáil atá bunaithe ar an gclár “Ros na Rún”

[www.rte.ie/rnag](http://www.rte.ie/rnag)

Raidió na Gaeltachta

[www.rte.ie](http://www.rte.ie)

Raidió Teilifís Éireann

[www.bbc.co.uk/irish/blas](http://www.bbc.co.uk/irish/blas)

BBC (Tuaisceart Éireann)

[www.rnl106.com](http://www.rnl106.com)

Raidió na Life

## Meáin chló

[www.foinse.ie](http://www.foinse.ie)

Foinse (nuachtán seachtainiúil)

[www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)

Lá (nuachtán laethúil)

[www.comhar-iris.ie](http://www.comhar-iris.ie)

Comhar (iris mhíosúil)

## An earnáil phoiblí

[www.irlgov.ie](http://www.irlgov.ie)

Suíomh gréasáin an Rialtais (agus naisc le suímh eile)

[www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)

An Coimisinéir Teanga

[www.pobail.ie](http://www.pobail.ie)

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

[www.leabhar.ie](http://www.leabhar.ie)

Bord na Leabhar Gaeilge (Bord a thacaíonn le scríbhneoirí agus le foilsitheoirí leabhar Gaeilge)

## Leabhair agus foilsitheoirí

[www.litriocht.com](http://www.litriocht.com)

Bard na nGleann (liosta fairsing ábhar i nGaeilge)

[www.cic.ie](http://www.cic.ie)

Cló Iar-Chonnachta

[www.coislife.ie](http://www.coislife.ie)

Cois Life

[www.leabhar.com](http://www.leabhar.com)

Cló Mhaigh Eo

[www.moinin.ie](http://www.moinin.ie)

Móinín

[www.corca-dhuibhne.com](http://www.corca-dhuibhne.com)

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

[www.fiosfeasa.com](http://www.fiosfeasa.com)

Fios Feasa (cláir ríomhaire i nGaeilge)

## Eagraíochtaí Gaeilge

[www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie)

Foras na Gaeilge (agus naisc eile)

[www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)

Conradh na Gaeilge

[www.beo.ie](http://www.beo.ie)

Oideas Gael (ábhar nuachta)

[www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie)

Gael-Linn

[www.gaelport.ie](http://www.gaelport.ie)

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

[www.gaelcultur.com](http://www.gaelcultur.com)

Gaelcultúr Teoranta



